2040
Dáta chun Ailse Ceirbheacs a Dhíbirt in Éirinn

# Plean chun Ailse Ceirbheacs a Dhíbirt in Éirinn

## Fís Straitéiseach 2025-2040

## Plean Gníomhaíochta 2025-2030



“

*Trí idirghabhálacha atá éifeachtach ó thaobh costais de, atá bunaithe ar fhianaise, lena n-áirítear vacsaíniú an phapalómaivíris dhaonna do chailíní, scagthástáil agus cóireáil lot réamhailseach, agus feabhas a chur ar rochtain ar dhiagnóis agus ar chóireáil ailsí ionracha, is féidir linn ailse ceirbheacs a dhíbirt mar fhadhb sláinte poiblí ionas go mbeidh sé ina seanghalar atá imithe in éag.”*

---

**An Dr Tedros Adhanom Ghebreyesus,**
Ard-Stiúrthóir, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2020

**Rialachas** Forbraíodh an Plean Gníomhaíochta chun Ailse Ceirbheacs a Dhíbirt le comhairle agus treoir ón nGrúpa Comhairleach Straitéiseach um Dhíbirt Ailse Ceirbheacs (ballraíocht Aguisín 3) agus rinne Grúpa Seachadta FSS chun Ailse Ceirbheacs a Dhíbirt maoirseacht air (ballraíocht Aguisín 4). D’fhaomh Príomhoifigeach Cliniciúil FSS agus Bord FSS an plean gníomhaíochta an 23 Deireadh Fómhair 2024.



# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá le Stephen Donnelly, an tAire Sláinte | 2 |
| Réamhrá leis an Dr Colm Henry Príomhoifigeach Cliniciúil FSS | 3 |
| Achoimre feidhmiúcháin | 4 |
| Comhthéacs | 6 |
| Fís straitéiseach na hÉireann 2040 | 11 |
| Conas a d'fhorbraíomar an plean | 12 |
| An Plean Gníomhaíochta Straitéiseach | 13 |
| Cothromas | 16 |
| Vacsaíniú HPV | 18 |
| Scagthástáil HPV | 20 |
| Cóireáil réamhailseach ceirbheacs agus ailse ceirbheacs | 22 |
| Na bearta cumasúcháin | 24 |
| Comhpháirtíochtaí, tacaíocht agus cumarsáid | 24 |
| Lucht oibre agus oideachas | 26 |
| Taighde | 27 |
| Sonraí, monatóireacht agus meastóireacht | 28 |
| Cur chun feidhme | 29 |
| Aguisín 1 | 30 |
| Comhthéacs beartais | 30 |
| Aguisín 2 | 32 |
| Forléargas ar sheirbhísí in Éirinn | 32 |
| Aguisín 3 | 33 |
| Comhaltaí an ghrúpa chomhairligh straitéisigh chun ailse ceirbheacs a dhíbirt | 33 |
| Aguisín 4 | 34 |
| Comhaltaí an ghrúpa seachadta chun ailse ceirbheacs a dhíbirt | 34 |
| Tuilleadh buíochais | 35 |


## Buíochas


Gabhaimid buíochas lenár gcomhpháirtithe, lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár saineolaithe ábhair go léir as a dtreoir agus as a dtacaíocht maidir le Plean Gníomhaíochta na hÉireann chun Ailse Ceirbheacs a Dhíbirt a fhorbairt. Gabhaimid buíochas ar leith lenár n-ionadaithe othar, ár gcomhpháirtithe othar agus poiblí agus na hionadaithe ar fad a thug a gcuid ama chun Plean Gníomhaíochta na hÉireann chun Ailse Ceirbheacs a Dhíbirt a fhorbairt. Tá buíochas do dhaoine/dreamanna eile ar fáil in Aguisín 4.

# Réamhrá le Stephen Donnelly, an tAire Sláinte

**Nuair a d'fhógair mé gurb é 2040 an spriocdháta d'Éirinn chun ailse ceirbheacs a dhíbirt, labhair mé faoi mo mhuinín go sroichfidh páistí an lae inniu aosacht in am a mbeifear á rangú mar ghalar neamhchoitianta.**

Is sprioc dhúshlánach é sin le baint amach i gceann tréimhse níos gairide ná fiche nó tríocha bliain, ach sa Phean Gníomhaíochta uaillmhianach sin, leagtar amach go cúramach cosán mapáilte a threoróidh muid maidir le cosc agus aimsiú luath thar na 5 bliana amach romhainn.

Tugaim féin tús áite do shláinte na mban a fheabhsú agus is gealltanas bunúsach de chuid an Rialtais seo é. Bhí an fócas sin fothaithe go daingean i gClár an Rialtais dár gcuid in 2020, i gcás gur gheallamar go gcuirfimid seirbhísí sláinte na mban chun cinn agus go n-oibreoimid le mná agus cailíní lena dtorthaí sláinte agus a n-eispéiris ar chúram sláinte a fheabhsú thar gach céim den saol. Ó shin i leith, tá aistriú seismeach dearfach feicthe againn i dtírdhreach shláinte na mban.

Táim thar a bheith bródúil go bhfuil breis agus €180 milliún infheistithe againn ó bhí 2020 ann, infheistíocht a bhaineann go sonrach le tionscnaimh um shláinte na mban. In 2022, tháinig Éire chun bheith ina ceannródaí ar fud an domhain trí cheann de na chéad Phleananna Gníomhaíochta um Shláinte na mBan a sheoladh, pleananna a bhfuil méid suntasach bainte amach leo cheana féin, rud a léiríonn mo thiomantas leanúnach do na bunphrionsabail "Éist, Infheistigh, Soláthair". Le seoladh an dara Plean Gníomhaíochta um Shláinte na mBan níos luaithe

i mbliana, léirítear ár dtiomantas leanúnach do theacht chun cinn chúram sláinte na mban.

Ní fhéadfaidh a dhath de sin a dhéanamh gan samhail chomhpháirtíochta – agus guthanna na mban ina croílár. Is cúis áthais dom go bhfuil an chomhpháirtíocht leabaithe sa Phlean Gníomhaíochta chun Ailse Ceirbheacs a Dhíbirt, rud a aithníonn an luach a bhaineann le feachtas comhroinnte i dtreo comhchuspóirí.

In Éirinn, diagnóisítear go bhfuil ailse ceirbheacs ar thart ar 250 bean gach bliain. Mar cheann de na chéad tíortha chun gealltanas poiblí a thabhairt maidir le hailse ceirbheacs a dhíbirt, is é ár bhfócas anois laghdú suntasach a dhéanamh ar an líon sin agus, ar deireadh, feabhas a chur ar thorthaí sláinte do gach bean.

Léirítear sa Phlean Gníomhaíochta spriocanna uaillmhianacha EDS 90:70:90 maidir le vacsaíniú, scagthástáil agus cóireáil luath le creat lena leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le comhbhá agus cúram cuimsitheach in aistear an othair. Aithnítear ár gceannaireacht maidir le vacsaíniú, aimsiú luath agus cóireáil ar bhonn hidirnáisiúnta, lena n-áirítear an vacsaíniú HPV a leathnú chuig buachaillí agus an t-aistriú go dtí an scagthástáil phríomhúil HPV. Leis an obair sin, chomh maith le rochtain níos fearr ar chóireáil ailse, táimid ag teacht níos gaire dár sprioc ailse a dhíbirt. Cuidíonn sé go mór freisin le cuspóirí na Straitéise Náisiúnta Ailse maidir le hailse a chosc, a aimsiú go luath, agus rochtain thráthúil ar chóireáil. Tá iarrachtaí na hÉireann ag teacht le Straitéis Dhomhanda EDS. Táim an-spreagtha go bhfuil cuid de na spriocanna sin á mbaint amach againn cheana féin agus go sáróimid iad agus muid ag druidim le 2040.

Is féidir linn go léir ár bpáirt a ghlacadh chun tacú leis an dul chun cinn sin agus é a éascú. Tá sé ríthábhachtach go bhfaighidh páistí sa chéad bhliain ar an meánscoil a vacsaín HPV. Tá sé tábhachtach freisin go leanfadh mná le páirt a ghlacadh sa chlár CervicalCheck, a chuidíonn le daoine a bhfuil HPV orthu a aithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu chun an mbaol go dtiocfadh ailse ceirbheacs orthu a laghdú.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl do chomhaltaí na nGrúpaí Comhairleacha agus Seachadta Straitéiseacha chun Ailse Ceirbheacs a Dhíbirt as a ndíograis maidir leis an bPlean Gníomhaíochta seo a fhorbairt agus do na comhpháirtithe go léir maidir le soláthar seirbhísí scagthástála, vacsaínithe agus cóireála as a dtiomantas don fhís sin a chur i gcrích. Go háirithe, gabhaim buíochas lenár n-ionadaithe othar as a gcuidiú luachmhar. Bhí a bhfíor-eispéireas lárnach maidir lenár conair chun cinn a mhúnlú. Tá an cineál sin comhoibrithe fós ríthábhachtach agus muid ag féachaint le seirbhís cúraim sláinte a sholáthar a bheidh freagrúil, cuimsitheach agus tiomanta do shláinte agus d'fholláine na mban a fheabhsú ar fud na tíre.

**Stephen Donnelly**

An tAire Sláinte

# Réamhrá leis an Dr Colm Henry Príomhoifigeach Cliniciúil FSS

**Ar an 17 Samhain 2020, sheol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) straitéis uaillmhianach dhomhanda chun ailse ceirbheacs a dhíbirt mar fhadhb sláinte poiblí faoi cheann 100 bliain. Leis an straitéis sin, leagtar amach dúshlán do náisiúin ar fud an domhain, agus is dúshlán é a léirigh Éire go bhfuil sí réidh le tabhairt faoi.**

In 2023, shocraigh Éire an sprioc gurb é 2040 an dáta a dhéanfaimid ailse ceirbheacs a dhíbirt – rud a chiallaíonn níos lú ná 4 chás in aghaidh 100,000 bean agus bainfimid ár bhfís "Éire ina bhfuil ailse ceirbheacs neamhchoitianta i ngach pobal" amach.

Tá ailse ceirbheacs ar cheann de na hailsí agus na cúiseanna is coitianta ar fud an domhain le bás a bhaineann le hailse i measc na mban. Ar an dea-uair, tá dul chun cinn suntasach déanta againn in Éirinn chun an galar a chomhrac. San fheachtas chun é a dhíbirt, aithnítear gur féidir é a chosc den chuid is mó trí vacsaíniú HPV, scagthástáil agus cóireáil. Tá na huirlisí againn a theastaíonn chun ailse ceirbheacs a dhíbirt.

Chomh maith leis na huirlisí sin, tá dhá chomhpháirt ríthábhachtacha ag teastáil chun ailse ceirbheacs a dhíbirt: tiomantas agus comhpháirtíocht.

Sa phlean gníomhaíochta seo, leagtar amach ár dtiomantas do thodhchaí ina mbeidh ailse ceirbheacs neamhchoitianta i ngach pobal. Tá sé uaillmhianach, agus táimid tiomanta do na gníomhaíochtaí sa phlean seo a bhaint amach trí thús áite a thabhairt don obair sin, fócas leanúnach a choinneáil ar na tosaíochtaí sin, agus oibriú chun éagothroime a laghdú agus torthaí a fheabhsú ar fud na sochaí.

Bainfear díbirt amach trí chomhpháirtíocht - mar sin tá sé oiriúnach gur cruthaíodh an plean gníomhaíochta seo trí chomhpháirtíocht. Táimid faoi chomaoin ag na daoine ar chuir a n-eispéiris, a ndearcthaí agus a bpeirspictíochtaí lenar múnlaíodh an plean gníomhaíochta seo trí phróiseas comhairliúcháin agus rannpháirtíochta. Tá na tuairimí a fhaighimid o shaoránaigh, ónár mbaill foirne, agus ó dhaoine a dhéanann ionadaíocht do ghrúpaí nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu, nó a oibríonn leis na grúpaí sin, le feiceáil ar fud an phlean seo agus ar fud a ghníomhaíochtaí straitéiseacha.

Ní thagann deireadh le comhpháirtíocht le cruthú an phlean seo. Tá ríméad orm comhpháirtíocht a fheiceáil i ngach cuid de FSS atá freagrach as vacsaíniú, scagthástáil agus cóireáil HPV chun an plean seo a sholáthar faoi cheannaireacht na Seirbhíse Náisiúnta Scagthástála. Leagamar amach conas a leanfaimid ar aghaidh i gcomhpháirtíocht sna blianta atá amach romhainn, ag obair le grúpaí tacaíochta agus othar. Le spriocanna an EDS, tugtar dúshlán dúinn go léir. Aithnímid go dteastaíonn tiomantas, comhoibriú agus gníomh ar fud an rialtais, na seirbhíse sláinte agus na sochaí chun na spriocanna sin a bhaint amach, agus táimid ag tnúth lenár bhfís a bhaint amach le chéile.

Laistigh den tseirbhís sláinte, cuireann athruithe ar struchtúir FSS faoi Sláintecare go leor deiseanna ar fáil chun oibriú le chéile ar mhaithe leis an daonra. Tá comhpháirtíocht agus comhtháthú ar fud earnálacha agus seirbhísí níos indéanta anois ná riamh, agus oibreoidh comhpháirtíocht FSS le chéile chun réitigh chomhroinnte a nascadh, a fhorbairt agus chun an plean seo a sholáthar.

Beidh ailse ceirbheacs díbeartha nuair a bheidh sí ina galar neamhchoitianta i ngach pobal in Éirinn. Tá an t-ádh orainn go bhfuil na seirbhísí a theastaíonn againn chun go leor cásanna ailse ceirbheacs a chosc agus chun cóireáil thráthúil a chur ar fáil. Ach ní dhéanfaimid í a dhíbirt ach trí chothromas a chur i gcroílár na hoibre seo. Tá a fhios againn go bhfuil roinnt grúpaí daonra ann ar lú an seans go nglacfaidh siad leis an tairiscint scagthástála agus vacsaínithe. Feictear éagothroime i minicíocht na hailse ceirbheacs do dhaoine atá ina gcónaí sna ceantair is díothaí in Éirinn.

Tríd an bplean gníomhaíochta seo a sholáthar, oibreoimid ar fud na bpobal go léir lena riachtanais a thuiscint agus oibreoimid le comhpháirtithe pobail chun réitigh a chomhdhearadh.

Ní féidir a rá go fírinneach go bhfuil ailse ceirbheacs díbeartha go dtí go mbainfimid é sin amach do gach pobal.

**An Dr Colm Henry**

Príomhoifigeach Cliniciúil FSS

# Achoimre feidhmiúcháin

## Comhthéacs Domhanda




**EDS**
**Sprioc Vacsaínithe**
Beidh 90% de chailíní vacsaínithe in aghaidh HPV faoin am a mbeidh siad 15 bliana d'aois




**EDS**
**Sprioc Scagthástala**
Beidh 70% de mhná scagthástáilte faoin am a mbeidh siad 35 bliain d'aois agus arís faoin am a mbeidh siad 45 bliain d'aois




**EDS**
**Sprioc Cóireála**
Beidh cóireáil curtha ar 90% de na daoine a diagnóisíodh go bhfuil galar ceirbheacs orthu

Is galar é an ailse ceirbheacs is féidir a chosc den chuid is mó ach tá sé fós ar cheann de na hailsí agus na cúiseanna is coitianta ar fud an domhain le básanna le hailse i measc na mban. In 2020, leag EDS spriocanna amach lena fhís a bhaint amach, fís de dhomhan ina mbeidh ailse ceirbheacs díbeartha mar fhadhb sláinte poiblí.

## Staid Bhonnlíne na hÉireann




**Clúdach Vacsaínithe 2022**
Rátaí vacsaínithe HPV (84% in 2022)




**Clúdach Reatha Scagthástála 2022**
Scagthástáil HPV (clúdach 73% gach 5 bliana)




**Clúdach Reatha Cóireála 2022**
97% cóireáilte in aghaidh galar ionrach laistigh de 1 bhliain.

### Ailse Ceirbheacs a Dhíbirt in Éirinn

I samhaltú a rinne saineolaithe san Astráil ag baint úsáid as sonraí na hÉireann tuartar go mbeidh ailse ceirbheacs díbeartha faoi 2040.

## Spriocanna Náisiúnta




**Vacsaíniú HPV**
Faoi 2030 beidh 90% de chailíní vacsaínithe go hiomlán faoin am a mbeidh siad 15 bliana d'aois




**Scagthástáil Phríomhúil HPV**
Faoi 2030, déanfar scagthástail HP ar 80% de na daoine incháilithe gach 5 bliana




**Cóireáil réamhailseach agus cóireáil ailse**
Faoi 2030, cuirfear cóireáil ar 97% de na mná ar a bhfuil galar ceirbheacs laistigh de 1 bhliain

### Cothromas

Faoi 2030 beidh na spriocanna go léir do gach grúpa daonra bainte amach.

*Réamhshonraí

# Ár bhfís le haghaidh 2040

# Éire ina mbeidh ailse ceirbheacs neamhchoitianta i ngach pobal in Éirinn

Tá **9 ngníomhaíocht straitéiseacha** agus **39 foghníomhaíocht** socraithe againn atá le baint amach faoi 2030. Oibreoimid i gcomhpháirtíocht agus ar bhealach comhtháite chun ailse ceirbheacs a dhíbirt go cothrom

## Is é cothromas ár dtosaíocht uileghabhálach

**Cothromas**

**1** Forbróimid cláir chun aghaidh a thabhairt ar éagothroime, dul chun cinn a thomhas, agus a chinntiú go ndéanfar ailse ceirbheacs a dhíbirt do chách

## Tá 3 Cholún Seirbhíse againn

**Vacsaíniú HPV**

**2** Cuirfimid feabhas ar rátaí cumhdaigh an vacsaínithe HPV trí sholáthar an chláir vacsaínithe HPV scoilbhunaithe a bharrfheabhsú.

**Scagthástáil HPV**

**3** Coinneoimid suas leis an bhfianaise atá ag teacht chun cinn lena chinntiú go leanfaidh CervicalCheck, le clár éifeachtach bunaithe ar thaighde a sholáthar amach anseo

**Cóireáil réamhailseach ceirbheacs agus ailse ceirbheacs**

**4** Cuirfimid feabhas ar chomhtháthú seirbhísí agus cuirfimid tionscnaimh fheabhsaithe seirbhíse chun cinn chun tacú le diagnóis agus bainistiú optamach na hailse ceirbheacs

## Tá 4 Bheart Cumasúcháin againn

**Comhpháirtíochtaí agus tacaíocht agus cumarsáid**

**5** Cothóimid comhpháirtíochtaí cómhalartacha inár dtír agus go hidirnáisiúnta chun ailse ceirbheacs a dhíbirt in Éirinn agus chun cur leis an ngluaiseacht dhomhanda

**6** Glacfaimid cur chuige uile-shochaí maidir le hailse ceirbheacs a chosc agus cuirfimid feabhas ar an dóigh a ndéanaimid cumarsáid chun feasacht a mhúscailt agus rochtain a mhéadú ar fud na conaire iomláine

**Lucht oibre agus oideachas**

**7** Tacóimid le lucht oibre ardoilte chun seirbhísí ardchaighdeáin, comhtháite, inbhuanaithe agus atá inniúla go hidirchultúrtha a sholáthar

**Taighde**

**8** Déanfaimid taighde rannpháirteach chun bonn eolais a chur faoin dóigh a gcuirimid feabhas ar chothromas agus a ndéanaimid feabhsuithe seirbhíse

**Sonraí, monatóireacht agus meastóireacht**

**9** Cuirfimid feabhas ar chomhtháthú sonraí chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo ailse ceirbheacs a dhíbirt

# Comhthéacs

Rinne Éire tiomantas poiblí do thionscnamh domhanda na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) maidir le hailse ceirbheacs a dhíbirt[1] i mí Eanáir 2023 – ceann de na chéad tíortha ar domhan a rinne amhlaidh. An 17 Samhain 2023, d'fhógair Stephen Donnelly, an tAire Sláinte, go bhfuil Éire ar an mbóthar ceart le hailse ceirbheacs a dhíbirt faoi 2040.

Is é an plean seo an chéad chéim eile i dtreo ailse ceirbheacs a dhíbirt in Éirinn.

## Cad is brí le díbirt?

An sainmhíniú a thugann EDS ar dhíbirt ailse ceirbheacs ná go mbeidh níos lú ná 4 chás in aghaidh gach 100,000 bean. Mar sin bheadh ailse ceirbheacs neamhchoitianta. Is é 10.1* in aghaidh 100,000 ráta minicíochta na hÉireann. Ní chiallaíonn díbirt ailse ceirbheacs nialas cásanna ailse ceirbheacs, ach tabharfaidh sé go pointe muid go mbeidh an líon cásanna chomh beag sin nach mbeidh sí ina fadhb sláinte poiblí a thuilleadh. Is féidir le hÉirinn é sin a bhaint amach faoi 2040, le cur chun feidhme rathúil leanúnach an chláir vacsaínithe HPV, an chláir scagthástála ceirbheacs agus na seirbhísí cóireála gaolmhara le haghaidh réamhailsí agus ailsí.

## Straitéis Dhomhanda EDS chun dlús a chur le díbirt ailse ceirbheacs mar fhadhb sláinte poiblí

Is galar é an ailse ceirbheacs is féidir a chosc den chuid is mó ach tá sé fós ar cheann de na hailsí agus na cúiseanna is coitianta ar fud an domhain le básanna le hailse i measc na mban. In 2020, leag EDS spriocanna amach lena fhís a bhaint amach, fís de dhomhan ina mbeidh ailse ceirbheacs díbeartha mar fhadhb sláinte poiblí.

## Cad iad na spriocanna?

Dá ngairtear na spriocanna 90-70-90, iarrann EDS ar gach tír bearta a chur i bhfeidhm chun iad sin a bhaint amach faoi 2030, chun an domhan a chur ar an mbóthar ceart chun ailse ceirbheacs a dhíbirt:

- Beidh 90% de chailíní vacsaínithe in aghaidh HPV faoin am a mbeidh siad 15 bliana d'aois
- Beidh 70% de mhná scagthástáilte faoin am a mbeidh siad 35 bliain d'aois agus arís faoin am a mbeidh siad 45 bliana d'aois
- Beidh cóireáil curtha ar 90% de na daoine a diagnóisíodh go bhfuil galar ceirbheacs orthu.

Ba é an dúshlán a thug EDS go mbainfeadh gach tír na spriocanna sin amach faoi 2030 agus go leanfaidís ar aghaidh ansin leis na feabhsuithe a bhí déanta acu a dhéanamh go dtí go ndíbreodh gach ceann acu ailse ceirbheacs.

**90%**
**de chailíní vacsaínithe in aghaidh HPV faoin am a mbeidh siad 15 bliana d'aois**

**70%**
**de mhná scagthástáilte faoin am a mbeidh siad 35 bliain d'aois agus arís faoin am a mbeidh siad 45 bliain d'aois**

**90%**
**de na daoine a diagnóisíodh go bhfuil galar ceirbheacs orthu.**
(beidh cóireáil curtha ar 90% de na mná a bhfuil réamhailse orthu, agus coinneofar smacht ar an ailse ionrach do 90% de na mná).

*réamhshonraí

1 https://www.who.int/initiatives/cervical-cancer-elimination-initiative

## Staid bhonnlíne na hÉireann

Agus ráta bonnlíne 10.1* in aghaidh 100,000 bean maidir le hailse ceirbheacs aici, tá dul chun cinn maith déanta ag Éirinn go dtí seo i dtreo í a dhíbirt.

Táimid ag feidhmiú go maith freisin i gcoinne spriocanna 90-70-90 EDS agus táimid ar an mbóthar ceart chun díbirt na hailse ceirbheacs a bhaint amach faoi 2040. Táimid ag sárú na spriocanna atá leagtha síos do 2 cheann de na 3 tháscaire: Scagthástáil HPV (clúdach 73% gach 5 bliana) agus cóireáil (97% cóireáilte do ghalar ionrach faoi cheann 1 bhliain); agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh maidir le rátaí vacsaínithe HPV (84% in 2022, méadú ó 80% in 2021).

Tá an t-ádh orainn go bhfuil na seirbhísí againn chun a lán cásanna ailse ceirbheacs a chosc inár ndaonra agus chun cóireáil a chur orthu in am.

Mar sin féin, is féidir linn níos mó a dhéanamh chun feabhas a chur ar an teacht ar ár seirbhísí laistigh de phobail nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu agus an t-eispéireas a mbíonn ag daoine maidir leo. Trínár gcuid oibre a dhíriú ar na réimsí sin, féachaimid le spriocanna díbeartha EDS a shárú thar na 5 bliana atá amach romhainn.

## Freagairt na hÉireann ar straitéis EDS

In 2022, bhunaíomar comhpháirtíocht FSS agus d'fhorbraíomar treochlár um dhíbirt.

In 2022-2023, d'oibríomar le grúpa saineolaithe san Astráil lena múnla agus sonraí Éireannacha a úsáid lena thuar cathain a bheadh Éire ábalta ailse ceirbheacs a dhíbirt. Is é 2040 an dáta sin.

**84%**
**de chailíní vacsaínithe go hiomlán leis an vacsaín HPV faoin am a mbeidh siad 15 bliana d'aois**

**73%**
**de chlúdach scagthástála do mhná agus do dhaoine ag a bhfuil ceirbheacs idir 25-65 bliain d'aois agus**
**78.4%**
**do dhaoine 25-60 bliain**

**Beidh**
**97%**
**de na mná a diagnóisíodh go raibh ailse ceirbheacs orthu idir 2016 agus 2020 cóireáilte faoi cheann bliana ó rinneadh an diagnóis***

**Minicíocht**
**10.1**
**in aghaidh**
**100,000**
**bean***

**Fíor 1** | Ráta aoischaighdeánaithe (ASR) de mhinicíocht ailse ceirbheacs in aghaidh gach 100,000 bean[2]




*réamhshonraí

2 An,X Hall, M, Killen, J, Seargeant, L, Smith, M and Kanfell K (2023) Elimination of Cervical Cancer in Ireland: A Modelled Report. Gan foilsiú. The Daffodil Centre, an Astráil

# #TogetherTowardsElimination

## Treochlár na hÉireann chun ailse cheirbheacs a dhíbirt

**2008**
Seoladh CervicalCheck, clár scagthástála ceirbheacs saor in aisce bunaithe ar an daonra

**2010**
Rolladh an clár vacsaínithe HPV scoileanna do chailíní amach

**2019**
Rinneadh clár vacsaínithe HPV na scoileanna neodrach ó thaobh inscne de

**2020**
Athraíodh CervicalCheck go scagthástáil ceirbheacs HPV

**2022**
Athraíodh an clár vacsaínithe HPV go dáileog shingil mar a mhol an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh

**Táimid anseo**

**2024**
Seoladh Plean Gníomhaíochta na hÉireann chun Ailse Ceirbheacs a Dhíbirt, a bhfuil sé mar aidhm leis díbirt a bhaint amach faoi 2040

**2025**
Tús a chur le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta chun Ailse Ceirbheacs a Dhíbirt

**2030**
Spriocanna 90-70-90 EDS le baint amach ag gach ballstát

**2030**
Spriocanna náisiúnta na hÉireann de 90-80-97 maidir le díbirt a bhaint amach

**2040**
**Dáta chun Ailse Ceirbheacs a Dhíbirt in Éirinn**

| Staid Bhonnlíne na hÉireann | Spriocanna EDS |
|---|---|
| **84%** de chailíní vacsaínithe go hiomlán leis an vacsaín HPV faoin am a mbeidh siad15 bliana d'aois | **90%** de chailíní vacsaínithe go hiomlán leis an vacsaín HPV faoin am a mbeidh siad15 bliana d'aois |
| **73%** de chlúdach scagthástála do mhná agus do dhaoine ag a bhfuil ceirbheacs idir 25-65 bliain d'aois agus **78.3%** do dhaoine 25-60 bliain | **70%** de mhná scagthástáilte le tástáil ardfheidhmíochta faoin am a mbeidh siad 35 bliain d'aois agus arís faoin am a mbeidh siad 45 bliain d'aois. |
| **97%** de na mná a diagnóisíodh go raibh ailse ceirbheacs orthu idir 2016 agus 2020, cuireadh cóireáil orthu faoi cheann bliana ó rinneadh an diagnóis* | **90%** de mhná a diagnóiseofar go bhfuil galar ceirbheacs, cuirfear cóireáil orthu (beidh cóireáil curtha ar 90% de na mná a bhfuil réamhailse orthu, agus coinneofar smacht ar an ailse ionrach do 90% de na mná). |
| Minicíocht **10.1** in aghaidh **100,000** bean* | Minicíocht **4** in aghaidh **100,000** bean |

*Réamhshonraí

## An fáth ar féidir linn ailse ceirbheacs a dhíbirt

Is féidir linn ailse ceirbheacs a dhíbirt toisc go bhfuil a fhios againn gurb é an papalómaivíreas daonna (HPV) is cúis le níos mó ná 90% de na cásanna.

Tá vacsaín againn anois a thugann cosaint ar na cineálacha HPV is cúis le 9 gcinn as 10 gcinn d'ailsí ceirbheacs. Léiríodh le staidéir ón tSualainn agus ó Shasana go bhfuil baint ag vacsaíniú HPV le laghdú mór ar bhaol na hailse ceirbheacs, go háirithe i measc daoine a fuair an vacsaín HPV ag 12 go 13 bliana d'aois.

In Éirinn, tá an vacsaín HPV á soláthar againn ó bhí 2010 ann do chailíní sa chéad bhliain ar an meánscoil. Tá roinnt nuálaíochtaí ag baint leis an gclár ó cuireadh tús leis. Ba iad na feabhsuithe is déanaí athrú ó chlár atá neodrach ó thaobh inscne de in 2019, agus athrú go clár dáileoige singile in 2023 bunaithe ar threoir agus ar fhianaise nuashonraithe.

Toisc nach raibh an deis ag gach duine a d'fhéadfadh leas a bhaint as an gclár an vacsaín a fháil, leanfaimid le scagthástáil le tástáil ardfheidhmíochta HPV a chur ar fáil, chun aon daoine a d'fhéadfadh a bheith i mbaol nó a d'fhéadfadh sé gur tháinig athrú ar a gcealla a bhféadfadh ailse ceirbheacs a bheith mar thoradh orthu a shainaithint ionas gur féidir cóireáil a chur orthu. Lenár samhaltú, tugtar le fios dúinn, toisc gur cuireadh scagthástáil HPV chun feidhme in 2020, gur luathaíodh ár ndeis le hailse ceirbheacs a dhíbirt le 3 bliana.

Ina theannta sin, tá seirbhísí colpascópachta againn chun na hathruithe sin ar chealla agus na hailse luatha sin a chóireáil, agus tá seirbhísí gínéiceolaíochta againn chun mná a bhfuil siomptóim orthu a mheasúnú. Tá seirbhísí gínea-oinceolaíochta againn chun ailsí níos casta a chóireáil. Tugtar achoimre sa phlean seo ar conas a dhíreoimid ar a chinntiú bhfreagróidh go siad do riachtanas i gcónaí agus go mbeidh siad inbhuanaithe i gcónaí.

## Conas a sholáthróimid díbirt ailse ceirbheacs – Cur chuige 'uile-sochaí'

Chun díbirt a bhaint amach, tá sé mar aidhm againn oibriú i gcomhpháirtíocht in go leor earnálacha, lena n-áirítear grúpaí tacaíochta agus othar. Leis an obair sin, teastóidh tiomantas, comhoibriú agus gníomhaíocht ar fud an rialtais, na seirbhíse sláinte agus na sochaí.

Leis na hathruithe a rinneadh ar struchtúir FSS faoi Sláintecare, cruthaíodh 6 réigiún comhtháite sláinte a chuireann go leor deiseanna ar fáil chun oibriú le chéile ar mhaithe leis an daonra. Tá comhtháthú ar fud earnálacha agus seirbhísí níos indéanta anois ná mar a bhí riamh.

Leis an bplean gníomhaíochta seo, tugtar deis do líonraí réigiúnacha áitiúla feabhas a chur ar shláinte a ndaonra trí cheangal a dhéanamh thar theorainneacha eagraíochtúla agus thar a dtíreolaíocht. Tacóidh sé seo le réitigh chomhroinnte ar shaincheisteanna a fhorbairt. Tá comhpháirtíocht FSS tiomanta d'oibriú le chéile chun tacú leis na hathruithe casta córais sin agus iad a éascú.

## Cad iad na rudaí a mbeidh orainn díriú orthu?

Ní mór dúinn aird ar leith a thabhairt ar chothromas agus ar úsáid ár seirbhísí chomh maith lena chinntiú go mbeidh ár seirbhísí ar aon dul i gcónaí le fianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ar an iomlán, ní mór dúinn oibriú ar bhealach cuimsitheach lena chinntiú go mbraithfidh gach grúpa inár ndaonra go bhfuil siad cuimsithe san obair agus gur féidir leo leas a bhaint aisti.

Ní mór dúinn a chinntiú go mbainimid díbirt amach do gach earnáil dár sochaí. Ciallaíonn sé seo obair a éascú chun cothromas a bhaint amach trínár dtionscadail go léir agus cur chuige 'uile-sochaí' a chur chun cinn. Ní mór dúinn freisin táscairí cothromais a bhailiú chun an dul chun cinn maidir le díbirt i ngrúpaí éagsúla a thomhas.

Leagann EDS béim ar a thábhachtaí atá sé oibriú le pobail amhail grúpaí ban, líonraí áitiúla agus eagraíochtaí tathanta chun athruithe a dhéanamh agus lena chinntiú go bhfreastalóidh na seirbhísí ar a gcuid riachtanas. Beidh sé tábhachtach oibriú le pobail lena gcuid riachtanas agus a réitigh chomhdheartha a thuiscint.

Ní mór dúinn tacú leis an bpobal tabhairt faoi na gníomhaíochtaí is féidir leo a dhéanamh dóibh féin agus dá dteaghlaigh. Áirítear leis sin leanúint d'fheasacht an phobail a mhúscailt maidir le vacsaíniú, scagthástáil agus infhaighteacht na cóireála mar chuid de theachtaireachtaí sláinte comhtháite. Ciallaíonn sé freisin a chinntiú go mbeidh ár seirbhísí inrochtana agus oiriúnach dár ndaonra ionas gur féidir leo gníomhú de réir a gcinntí.

# Fís straitéiseach na hÉireann 2040

## Ár bhfís le haghaidh 2040:

# Éire ina mbeidh ailse ceirbheacs neamhchoitianta i ngach pobal in Éirinn

## Croíphrionsabail

Is leis na prionsabail seo a leanas a tógadh as Treochlár um Réigiún Eorpach[3] EDS a treoraíodh forbairt an phlean gníomhaíochta seo chun ailse cheirbheacs a dhíbirt agus treorófar a chur chun feidhme leo:

- **Dírithe ar dhaoine:** páirt a thabhairt do spriocdhaonraí i bhforbairt agus i gcur chun feidhme idirghabhálacha
- **Bunaithe ar an gconaire saoil:** rochtain ar idirghabhálacha luatha, idir vacsaíniú HPV ógánaigh agus scagthástáil eagraithe ailse ceirbheacs do mhná a chur chun cinn agus a chinntiú
- **Il-earnálacha:** cur chuige rannpháirteach a leanúint trí rannpháirtíocht ghníomhach earnálacha laistigh den rialtas agus lasmuigh di chun cuimsitheacht agus cuntasacht a áirithiú
- **Bunaithe ar chothromas:** straitéisí a ghlacadh agus idirghabhálacha sonracha a dhearadh a bheidh dírithe ar dhaonraí nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu, ar dhídeanaithe, ar imircigh, ar mhionlaigh, ar dhaoine a bhfuil VEID orthu agus ar phríomhdhaonraí eile chun rochtain chothrom ar sheirbhísí a chinntiú
- **Bunaithe ar fhianaise agus faoi threoir taighde:** ag brath ar thaighde cliniciúil, sláinte phoiblí, cur chun feidhme agus léargas iompair agus cultúrtha chun bonn eolais a chur faoi bheartais, cumarsáid agus idirghabhálacha



3 https://iris.who.int/bitstream/handle/10665/362396/72bg17e-Roadmap-CervicalCancer.pdf?sequence=1&isAllowed=y

# Conas a d'fhorbraíomar an plean

Dhearamar próiseas comhairliúcháin agus rannpháirtíochta chun tuairimí a fháil ó dhaoine ó gach earnáil den tsochaí chomh maith le daoine gairmiúla atá ag obair i seirbhísí sláinte. Bhí trí ghné sa phróiseas:

1. **suirbhé náisiúnta ar ghairmithe poiblí agus cúraim sláinte**
2. **grúpaí fócais le pobail nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu agus le baill foirme**
3. **ceardlanna le príomhpháirtithe leasmhara**

Forbraíodh feachtas náisiúnta chun an suirbhé poiblí ar na meáin shóisialta, dhigiteacha agus thraidisiúnta a chur chun cinn. Roinneadh é freisin ar bhealaí cumarsáide inmheánaí agus comhpháirtíocht FSS. Bhí an ceistneoir beo idir mí an Mhárta agus mí Aibreáin 2024. Fuaireamar 3,735 freagra; ráta ard freagartha a thug sampla sách ionadaíoch, cé go bhfuil gá le tuilleadh oibre le grúpaí nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu. Leis an eolas sna ceistneoirí, tugadh sonraí flúirseacha ar thuairimí agus eispéiris daoine chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an phlean gníomhaíochta.

Cuireadh leis na freagraí ceistneora le heolas a bailíodh i ngrúpaí fócais. D'fhreastail baill den phobal, baill foirne agus daoine a rinne ionadaíocht do thuairimí na bpobal nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu agus daoine nach bhfreastalaíonn ar ghrúpaí fócais. Déanfar tuilleadh teagmhála le grúpaí nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu le linn an chur chun feidhme.

Ón bpróiseas comhairliúcháin agus rannpháirtíochta, shainaithnímid na 9 ngníomhaíocht straitéiseacha a leagtar amach sa phlean seo ailse ceirbheacs a dhíbirt.

Trí na gníomhaíochtaí tosaíochta straitéiseacha sin a chur chun cinn, cruthóimid an bonn chun na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, agus chun díbirt a bhaint amach ar deireadh thiar, faoi 2040.

# An Plean Gníomhaíochta Straitéiseach



# An Plean Gníomhaíochta Straitéiseach




| Réimse | Gníomhaíochtaí straitéiseacha |
|---|---|
| Cothromas | **1** Cláir neamhionannais agus socruithe monatóireachta a fhorbairt chun tacú leis na spriocanna um dhíbirt a bhaint amach ar fud gach daonra agus chun seirbhísí a sholáthar a thugann meas ar chultúir agus ar riachtanais daoine. |
| Vacsaíniú HPV | **2** Feabhas a chur ar rátaí clúdaigh an vacsaínithe HPV trí sholáthar an chláir vacsaínithe HPV scoilbhunaithe a bharrfheabhsú agus a chinntiú go ndéanfar seirbhísí vacsaínithe a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais daonraí nach bhfuil freastal ceart á déanamh orthu. |
| Scagthástáil HPV | **3** Gach iarracht a dhéanamh chun measúnú leanúnach a dhéanamh ar an bhfianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn maidir leis an dea-chleachtas le haghaidh scagthástáil ceirbheacs agus a chinntiú go soláthrófar clár éifeachtach nua-aimseartha, bunaithe ar thaighde amach anseo le CervicalCheck i gcónaí. |
| Cóireáil réamhailseach ceirbheacs agus ailse ceirbheacs | **4** Cuirfimid feabhas ar chomhtháthú seirbhísí agus cuirfimid tionscnaimh fheabhsaithe seirbhíse chun cinn chun tacú le diagnóis agus bainistiú optamach na hailse ceirbheacs. |
| Comhpháirtíochtaí, tacaíocht agus cumarsáid | **5** Comhpháirtíochtaí cómhalartacha a chruthú in Éirinn agus go hidirnáisiúnta chun ailse ceirbheacs a dhíbirt inár dtír agus chun cur leis an ngluaiseacht dhomhanda.<br>**6** Plean cumarsáide a fhorbairt chun feasacht agus rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú ar fud na conaire iomláine ag baint úsáid as cuir chuige fianaise-bhunaithe faoina gcuirtear bonn eolais leis an eolaíocht iompair agus go cultúrtha chun aghaidh a thabhairt ar éagothroime. |
| Lucht oibre agus oideachas | **7** Tacú le lucht oibre ardoilte chun seirbhísí comhtháite a sholáthar a ghlacann nuálaíocht fianaise-bhunaithe agus athrú agus a sholáthraíonn seirbhísí inniúlachta idirchultúrtha a fhreastalaíonn ar riachtanais ár ndaonra éagsúil. |
| Taighde | **8** Clár taighde ilbhliantúil chun ailse ceirbheacs a dhíchur a fhorbairt a bheidh dírithe ar chur chuige cothromais agus rannpháirtíochta, amhail chomhdhearadh, chun tacú le nuálaíochtaí agus athruithe ar chláir a chur chun feidhme go héifeachtach. |
| Sonraí, monatóireacht agus meastóireacht | **9** Feabhas a chur ar chomhtháthú na sonraí cúraim sláinte a theastaíonn chun ailse ceirbheacs a dhíbirt feadh na conaire saoil chun monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar dhul chun cinn, agus béim ar leith ar chothromas, agus an dul chun cinn a fhoilsiú gach bliain. |

# Cothromas

**1** Cláir neamhionannais agus socruithe monatóireachta a fhorbairt chun tacú leis na spriocanna um dhíbirt a bhaint amach ar fud gach daonra agus chun seirbhísí a sholáthar a thugann meas ar chultúir agus ar riachtanais daoine.

**Sprioc**

**faoi 2030, beidh na spriocanna go léir do gach grúpa daonra bainte amach**

**Fíor 2** | Ráta minicíochta ailse ceirbheacs in aghaidh an 100,000, de réir na cúigile díothachta agus na tréimhse diagnóise




## Cén fáth a bhfuil sé sin ina thosaíocht?

Tá minicíocht na hailse ceirbheacs beagnach dhá oiread níos mó do dhaoine atá ina gcónaí sna ceantair is díothaí in Éirinn ná do dhaoine atá ina gcónaí sa cheantar is lú díothach[4]. Tá a fhios againn freisin gur lú an seans go nglacfaidh daoine atá ina gcónaí sna ceantair sin agus roinnt grúpaí daonra eile a bhfuil minicíocht níos airde de ghalar ag baint leo leis an tairiscint scagthástála agus vacsaínithe[5]. I measc na ngrúpaí sin tá:

- daoine faoi mhíchumas coirp nó intleachta
- daoine a bhfuil meabhairghalar trom orthu
- imircigh agus mionlaigh eitneacha
- mná leispiacha agus déghnéasacha, fir thrasinscne agus daoine neamh-dhénártha a rugadh mar bhean
- daoine nár freastalaíodh ar a riachtanais litearthachta
- daoine ón Lucht Siúil agus ón bpobal Romach
- daoine ar imríodh foréigean gnéasach orthu.

Agus muid ag obair i dtreo ailse ceirbheacs a dhíbirt tá sé ríthábhachtach go bhfeabhsóimid cothromas rochtana ar scagthástáil, vacsaíniú agus cóireáil lena chinntiú go nglacfaidh na daoine ar féidir leo leas níos mó a bhaint as na seirbhísí sin páirt iontu.

## Ár gníomhaíochtaí tosaíochta:

**1** Oibriú i gcomhpháirtíocht le pobail tosaíochta chun idirghabhálacha agus seirbhísí a fhreastalóidh ar a gcuid riachtanas, a thabharfaidh aghaidh ar éagsúlachtaí, agus a fheabhsóidh an tsláinte ar deireadh a chomhdhearadh, a thástáil agus a mheasúnú.

**2** Na sonraí cothromais maidir le díbirt ailse ceirbheacs a shainiú agus a chur in ord tosaíochta lena mbailiú agus lena dtuairisciú; agus na córais riachtanacha a chur i bhfeidhm chun bailiú sonraí cothromais a éascú do na seirbhísí atá riachtanach chun ailse ceirbheacs a dhíbirt.

**3** Úsáid a bhaint as sonraí cothromais chun aghaidh a thabhairt ar aon éagsúlachtaí a fheictear bunaithe ar eitneachas, ar stádas socheacnamaíoch nó ar stádas oideachais.

**4** Clár scagthástála nua CervicalCheck a chur chun feidhme chun tacú le cumas feabhsaithe maidir le sonraí a bhailiú chun cothromas a thomhas agus roghanna a thairiscint do rannpháirtithe maidir le conas plé leis an gclár.

## Cad a bhainfimid amach faoi 2030?

Beidh sonraí againn lena dtaispeánfar dúinn an dul chun cinn a bheidh á dhéanamh againn i dtreo ailse ceirbheacs a dhíbirt ar fud pobail agus grúpaí éagsúla. Beidh sé sin ar fáil ar an leibhéal áitiúil chun bonn eolais a chur faoi phleanáil do thionscnaimh agus d'fheabhsuithe do na daonraí sin. Beidh an phleanáil sin bunaithe freisin ar an obair a dhéanfar i gcomhpháirtíocht le pobail chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas.

4 https://www.ncri.ie/sites/ncri/files/pubs/NCRI_CancerInequalityReport_01022023.pdf

5 An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála. Scagadh bunaithe ar an daonra: Foireann uirlisí idirghabhálacha, 2023

# Cothromas i ngníomh

**Tionscnamh: Tá treoirchláir Seaimpíní Pobail do scagthástáil ceirbheacs**

**HPV Curtha chun feidhme ag: An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála**

**Toradh: Níos mó daoine ag fáil rochtain ar scagthástáil**

Dar le bainisteoir an tionscadail, Lynn Swinburnels, is é bonn thionscadal Seaimpíní Pobail na Seirbhíse Náisiúnta Scagthástála daonraí tearc-scagthástála agus na bacainní atá rompu a shainaithint agus freagairt do na bacainní sin le hidirghabháil fianaise-bhunaithe.

Dar le Lynn, Oifigeach Sinsearach um Chothú Sláinte de chuid FSS, is é sprioc leis an tionscadal "idirghabhálacha áitiúla a bheith á bhforbairt agus á gcur chun feidhme ag muintir na háite, rud a dhéanfaidh fíordhifríocht dóibh siúd ar mian leo rochtain a fháil ar scagthástáil ach a mbíonn deacracht acu leis sin".

Is oibrithe sláinte áitiúla iad Seaimpíní pobail atá oilte chun tacú le daoine a bheith rannpháirteach sa scagthástáil. Mar bhaill iontaofa dá bpobail, is féidir leo a gcuid oiliúna, eolais áitiúil agus nasc a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar éagothroime sláinte.

Léirítear le corpas fianaise gur lú an seans go nglacfaidh roinnt grúpaí daonra, in áiteanna ina bhfuil minicíocht níos airde de ghalair, páirt sa scagthástáil. Tá fianaise ag dul i méid ann lena dtugtar le fios gur féidir le hoibrithe sláinte áitiúla a úsáideann idirghabhálacha ilchomhpháirte aghaidh a thabhairt ar na bacainní agus na dúshláin a bhíonn ag a bpobail maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte.

Tá 40 oibrí sláinte pobail ó réimse cúlraí páirteach i dtionscadal na Seaimpíní Pobail, agus oibríonn siad thar 5 láithreán phíolótacha. Cuirtear oiliúint ar líne, foireann uirlisí idirghabhála,

físeáin agus pacáiste comhpháirtíochta cumarsáide ar fáil do na seaimpíní. Áirítear leis na hidirghabhálacha a chuireann siad chun feidhme oideachas grúpa, oideachas duine le duine agus tacaíocht, úsáid as na meáin bheaga, costais as póca a laghdú, bacainní riaracháin a laghdú agus bacainní struchtúracha a laghdú.

## Treoirchlár i ngníomh

Is Seaimpín Pobail Scagthástála é Michael i gCorcaigh, agus oibríonn sé le grúpa ban a raibh bacainní teanga, litearthachta agus iompair os a gcomhair maidir le rochtain a fháil ar scagthástáil ceirbheacs.

Bhí sé páirteach in idirghabháil il-chomhpháirte lenar bhain dul i gcomhpháirtíocht le soláthraí cúraim phríomhúil chun clinic scagthástála ar leith a éascú do na mná sin. Leis an tionscadal sin, tugadh tacaíocht iompair, tacaíocht litearthachta, piarthacaíocht agus tacaíocht aistriúcháin do na mná. Thug na Seaimpíní Pobail tacaíocht do na mná ag gach céim den phróiseas scagthástála. Áiríodh leis sin, tacaíocht do chlárú, incháilitheacht na mban a fhíorú, litreacha a fháil, rannpháirtíocht i scagthástáil ceirbheacs, tacaíocht chun torthaí a thuiscint, agus bainistiú atreoraithe ar aghaidh. Mar thoradh ar an tionscadal comhpháirtíochta, ghlac 11 bhean páirt i scagthástáil ceirbheacs a bhféadfadh sé nach mbeadh fáil acu ar scagthástáil murach sin.

Deir Michael gurb é cuid de ról an Chathaoirligh "an t-eolas a thabhairt do dhaoine agus a chinneadh cad iad na bacainní, dar leo, atá ar a rannpháirtíocht i seirbhísí scagthástála anseo in Éirinn.

"Is í an chéad chéim eile tacú le daoine na bacainní sin a shárú agus á chur ar a gcumas bheith chomh neamhthuilleamaíoch agus is féidir agus maidir le bheith ag plé leis an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála. Sin an cás a mbeidh an Clár Seaimpíní Pobail an-luachmhar domsa agus do mo chomhghleacaithe."

## Cad é an chéad rud eile do threoirchlár na Seaimpíní pobail

Leanfaidh an clár Seaimpíní Pobail ar aghaidh ar fud na 5 láithreán phíolótacha go dtí 2025. Déanfar measúnú seachtrach ar thionchar agus ar riachtanais acmhainne ina dhiaidh sin.

# Vacsaíniú HPV

**2** Feabhas a chur ar rátaí clúdaigh an vacsaínithe HPV trí sholáthar an chláir vacsaínithe HPV scoilbhunaithe a bharrfheabhsú agus a chinntiú go ndéanfar seirbhísí vacsaínithe a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais daonraí nach bhfuil freastal ceart á déanamh orthu.

**Sprioc**

**Faoi 2030, beidh 90% de chailíní vacsaínithe go hiomlán faoin am mbeidh siad 15 bliana d'aois**

**Fíor 3** | % de Chíteolaíocht Ardghráid i mBean 25 Bliain d'Aois de réir Bliana/Rátaí Vacsaínithe HPV i mBean 25 Bliain d'Aois[6]




## Cén fáth a bhfuil sé sin ina thosaíocht?

Beidh ról mór ag imdhíonadh HPV maidir le hailse ceirbheacs a dhíbirt. Is é an papalómaivíreas daonna (HVP) is cúis le beagnach gach cás d'ailse cheirbheacs, lena ndéanann formhór na ndaoine teagmháil nuair a éiríonn siad gníomhach go gnéasach.

Is féidir le córais imdhíonachta formhór na ndaoine an víreas a ghlanadh faoi cheann 18 mí go 2 bhliain. Ní ghlacann roinnt daoine é; baineann baol níos airde leo siúd go dtiocfaidh ailse ceirbheacs orthu.

Is féidir ionfhabhtú HPV a chosc le vacsaíniú. Tá an vacsaín HPV éifeachtach i gcoinne na gcineálacha HPV ard-riosca is cúis le hailse ceirbheacs. Méadaíonn ionfhabhtú HPV an baol go dtarlóidh ailsí eile amhail ailse phite, ailse faighne, ailse phéinis, ailse anasach agus ailse chloiginn agus ailse mhuiníl. Laghdaíonn vacsaíniú baol na n-ailsí sin chomh maith[7]. Is éifeachtaí é an vacsaín HPV nuair a thugtar é le linn na mblianta réamhógánacha, sula dtagann daoine i dteagmháil le HPV. Moltar é do gach páiste in Éirinn sa chéad bhliain ar an meánscoil.

Tá an vacsaíniú HPV ag oibriú cheana féin. Taispeántar sa ghraf thuas an laghdú atá tagtha ar ráta an ghalair réamh-ailsigh i measc na mban atá i dteideal scagthástála anois agus a bhí san aoisraon le bheith incháilithe don vacsaíniú HPV.

## Ár gníomhaíochtaí tosaíochta:

1. Vacsaíniú cothrom HPV a chinntiú trí dhifríochtaí i nglacadh agus míbhuntáistí struchtúracha a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu agus trína chinntiú go ndéanfar seirbhísí vacsaínithe a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais daonraí nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu.
2. Feabhas a chur ar thomhas agus ar thuairisciú sonraí maidir le clúdach an vacsaínithe faoi chláir Imdhíonta HPV scoilbhunaithe chun cothromas a uasmhéadú i measc scoileanna DEIS (Cothromas agus Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna) agus scoileanna nach scoileanna DEIS iad agus chun bonn eolais a chur faoi fheabhsuithe cláir chun clúdach ard a bhaint amach.
3. Deis a thabhairt dóibh siúd a chaill an vacsaín ag an gcuairt vacsaínithe scoile sa chéad bhliain, deis eile chun an vacsaín HPV a fháil sa chéad bhliain.
4. Tionscnaimh oideachais vacsaínithe HPV pobalbhunaithe a fhorbairt ionas go mbeidh ag daoine aonair incháilithe orthu atá i ngrúpaí nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu.

## Cad a bhainfimid amach faoi 2030?

Bainfimid sprioc fhoriomlán 90% EDS maidir le vacsaíniú amach agus beimid ar an mbóthar ceart ailse ceirbheacs a dhíbirt faoi 2040. Cuirfimid feabhas ar chothromas an ghlactha ar fud gach earnála dár ndaonra freisin.

6 https://www2.healthservice.hse.ie/organisation/nss/news/combination-of-cervical-screening-and-hpv-vaccination-steers-ireland-on-road-to-cervical-cancer-elimination/#:~:text=We%20are%20seeing%20early%20signs,moderate%20to%20severe%20cervical%20disease.

7 https://www.ncri.ie/sites/ncri/files/pubs/NCRI_HPVRelatedCancers_2024_0.pdf

# Vacsaíniú i ngníomh

**Tionscnamh: Foirne Vacsaíní Scoile**

**Curtha chun feidhme ag: Eagraíocht Chúram Sláinte Pobail FSS 2**

**Toradh: Ráta vacsaínithe 84% bainte amach**

Agus sult á bhaint ag ár scoláirí as a sos samhraidh atá tuillte go maith acu, tá tús á chur le hobair na Foirne Vacsaíní Scoile. Tosaíonn altraí agus foireann riaracháin na foirne ag déanamh idirchaidrimh le scoileanna lena chinntiú gur féidir leo an spás agus an t-am don vacsaíniú a chur ar fáil, agus seachadadh foirmeacha toilithe a sheachadadh.

Ar lá an vacsaínithe i ngach scoil, déanfaidh foireann de dhochtúir amháin agus suas le trí altra gach foirm thoilithe a chros-seiceáil i gcomparáid leis an mbunachar sonraí lárnach de thaifid imdhíonta, agus déanfaidh siad a mbealach trí na dúshláin a bhaineann lena dheimhniú cad iad na vacsaíní a tugadh mar pháiste, dúshlán breise nuair a tugadh iad sin thar lear, nó nuair atá bearnaí sna foirmeacha.

Deir an Dr Laura Fahey, ball d'Fhoireann Vacsaínithe Scoile FSS in iarthar na hÉireann, go mbeidh an fhoireann ag comhrá le scoláiri agus go dtabharfaidh siad na vacsaíní go tapa chun aon imní a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus iad ina suí sa láthair feithimh a laghdú. Cuirtear an páipéarachas i gcrích ansin fad a bheidh na scoláirí ina suí leis an altra téarnaimh ar feadh 15 nóiméad.

## An clár vacsaínithe HPV

Tugadh an clár vacsaínithe HPV do chailíní isteach do scoláirí d'aois na meánscoile in Éirinn in 2010, i.e. sular ndearnadh clár neodrach ó thaobh inscne de in 2019. Áiríodh leis clár um vacsaíniú cúitimh lena soláthraítear an vacsaín do dhaoine a bhféadfadh sé nach raibh an deis acu í a ghlacadh nuair a tairgeadh an vacsaín den chéad uair.

"D'éirigh thar cionn leis an gclár imdhíonta HPV in Éirinn ó tugadh isteach é, agus feicfimid an tionchar a bheidh aige sna blianta atá amach romhainn leis an líon laghdaithe ailse a bhaineann le HPV," a deir Laura. "Chun go mbeidh an tionchar is mó ag an vacsaín ba chóir í a thabhairt roimh an gcéad ghníomhaíocht ghnéasach. Sin an fáth a soláthraímid í sa chéad bhliain den mheánscoil."

## Trí vacsaín in aon lá amháin - HPV, MenACWY, Tdap

*"Is mór an buntáiste é an sceideal dáileoige do HPV a laghdú ó 3 dháileog go 1 dáileog toisc gur féidir linn, mar gheall air sin, vacsaíniú a dhéanamh i gceann 1 lá sa meánscoileanna" a deir Laura. "Glacann na scoláirí go maith leis na 3 vacsaín. D'éirigh thar barr leis."*

Oibríonn an fhoireann lena chinntiú go mbeidh lá an vacsaínithe chomh cosúil le gnáthlá scoile agus is féidir. "Caithfidh muid le gach scoláire le cineáltas agus le comhbhá," a deir Laura. "Go hidéalach, ní bheadh siad ag caitheamh an iomarca sraitheanna éadaí, agus is féidir linn rochtain a fháil ar limistéar na gualainne don vacsaíniú ach cúpla cnaipe a oscailt ar an léine ar feadh cúpla nóiméad ionas go gcoinneofar dínit agus príobháideacht."

I ndiaidh dóibh an vacsaín a fháil iarrtar ar na scoláirí neart uisce a ól, agus a sciatháin a choinneáil ag bogadh chun cuidiú le tinneas a chosc. Tugtar eolas dóibh faoin vacsaín agus faoi na fo-iarmhairtí coitianta a bhféadfadh teocht, tinneas cinn nó siomptóim cosúil leis an bhfliú a bheith i gceist leo.

*"Ní mhaireann na siomptóim sin rófhada de ghnáth, ach tugaimid ár n-uimhir theagmhála dóibh ar eagla go mbeidh ceist ag tuismitheoir," a deir Laura. "Is féidir leanúint le gnáthghníomhaíochtaí laethúil mar a bhí beartaithe. Má bhíonn siomptóim ar an scoláire, áfach, molaimid rudaí a ghlacadh go réidh, scíth a ligean don tráthnóna, agus paraicéiteamól a ghlacadh más gá."*



# Scagthástáil HPV

**3** Gach iarracht a dhéanamh chun measúnú leanúnach a dhéanamh ar an bhfianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn maidir leis an dea-chleachtas le haghaidh scagthástáil ceirbheacs agus a chinntiú go soláthrófar clár éifeachtach nua-aimseartha, bunaithe ar thaighde amach anseo le CervicalCheck i gcónaí.

**Sprioc**

**Faoi 2030, déanfar scagthástáil le tástáil HPV ar 80% ar dhaoine incháilithe gach 5 bliana**

**Fíor 4** | C53 Útaras Ceirbheacs Mná: Treocht Minicíochta le linn1994-2019[8]




## Cén fáth a bhfuil sé sin ina thosaíocht?

Is féidir le scagthástáil ceirbheacs beatha daoine a shábháil trí athruithe ar chealla an cheirbheacs a aimsiú agus a chóireáil sula dtarlaíonn aon athruithe ailse. Leis sin, cuirtear cosc ar ailse ceirbheacs agus déantar príomhcholún den phlean chun ailse ceirbheacs a dhíbirt den scagthástáil. Tugadh CervicalCheck, clár náisiúnta na hÉireann um scagthástáil ceirbheacs bunaithe ar an daonra, isteach in 2008 nuair a bhí minicíocht ailse ceirbheacs in Éirinn ag 15 in aghaidh an 100,000. Ó shin i leith, tá laghdú 2.8% tagtha ar an minicíocht in aghaidh na bliana (ag 10.1* in aghaidh an 100,000 anois), agus tá laghdú 1.1% in aghaidh na bliana tagtha ar bhásmhaireacht.

Ó bunaíodh é, tá CervicalCheck fós a fhorbairt bunaithe ar fhianaise idirnáisiúnta. Bhí sé ar cheann de na chéad chinn ar domhan a thug isteach scagthástáil HPV in 2020. Leis an athrú chuig an tástáil ardfheidhmíochta sin, tugadh spriocdáta na hÉireann chun ailse ceirbheacs a dhíbirt chun tosaigh 3 bliana. Le fócas leanúnach ar fheabhsuithe fianaise-bhunaithe, cinnteofar go soláthrófar clár scagthástála éifeachtach nua-aimseartha leis an gclár i gcónaí. Le córas nua-aimseartha TF, cinnteofar go dtacófar leis na nuálaíochtaí sin, agus leis an eispéireas do rannpháirtithe.

## Ár gníomhaíochtaí tosaíochta:

1. Athbhreithniú córasach a dhéanamh ar thabhairt isteach an fhéinshamplála chun bonn eolais a chur faoi mheasúnú indéantachta agus chun tacú le cinnteoireacht.
2. Staidéar féidearthachta a dhéanamh maidir le féinsampláil a chur chun feidhme in Éirinn.
3. Breithmheas roghanna a fhorbairt maidir le t daoine a aimsítear go bhfuil HPV orthu a thriáiseáil chuig colpascópacht.
4. Tuilleadh deiseanna a chuardach chun an tairiscint scagthástála ceirbheacs a leathnú trí fhócas a chur ar chothromas agus trí idirghabhálacha pobail le daonraí nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu a chomhdhearadh.
5. Leanúint leis na pleananna chun an clár scagthástála ceirbheacs nua a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go gcuirfear ceanglais maidir le sonraí um dhíbirt ailse ceirbheacs isteach sna sonraíochtaí.
6. Smaoinigh ar conas a d'fhéadfaí an teicneolaíocht nua sin a úsáid chun feabhas a chur ar an dóigh a dtugaimid cuireadh do dhaoine chun scagthástáil a dhéanamh orthu agus a gcuid torthaí feadh chonair na scagthástala a bhainistiú agus a thuairisciú.

## Cad a bhainfimid amach faoi 2030?

Leanfaimid ag cur leis an nglacadh foriomlán chun 80% a bhaint amach do gach earnáil den tsochaí gach 5 bliana. Cuirfimid clár nua-aimseartha a bheidh dírithe ar na rannpháirtithe ar fáil bunaithe ar an bhfianaise idirnáisiúnta is fearr agus lena mbainfear an leas is mó amach do mhná na hÉireann.

*réamhshonraí

8 https://www.ncri.ie/sites/ncri/files/pubs/Trendsreport_breast_cervical_colorectal_22092022.pdf

# Scagthástáil i ngníomh

**Tionscnamh: Cur chuige bunaithe ar thráma i leith scagthástáil ceirbheacs do mhná a imríodh foréigean gnéasach orthu**

**Curtha chun feidhme ag: Aonad Cóireála d'Ionsaithe Gnéis Dhún na nGall (SATU)**

**Toradh: Ghlac 72 bean incháilithe páirt i scagthástáil ag SATU Dhún na nGall idir 2018 agus 2023. Atreoraíodh 24% díobh siúd chuig seirbhísí colpascópachta. Scagthástáill ceirbheacs á rolladh amach go náisiúnta in aonaid SATU.**

*"...ní dheachaigh mé chun tástáil smearaidh a dhéanamh le 20 bliain, ach spreagfaí mé chun dul dá mbeadh a fhios agam go gcaithfeadh duine éigin liom ar an dóigh ar chaith siad liom."*

**Mná ag freastal ar Aonad Cóireála d'Ionsaithe Gnéis Dhún na nGall (SATU)**

Soláthraíonn Aonaid Cóireála d'Ionsaithe Gnéis (SATUnna) cúram fóiréinseach, síceolaíoch agus leighis ar an láthair atá freagrach, iomlánaíoch, otharlárnach do dhaoine 14 bliana d'aois agus níos sine a imríodh foréigean gnéasach orthu. Is é aidhm na seirbhíse náisiúnta SATU téarnamh agus sláinte a chur chun cinn dóibh siúd a imríodh foréigean gnéasach orthu, cé acu a thuairiscíonn nó nach dtuairiscíonn siad é do na húdaráis.

In 2014, shonraigh aonad Dhún na nGall deis chun cúram breise a thairiscint do mhná laistigh dá sheirbhís leantach.

D'aithin siad gur cuireadh moill ar go leor ban a bhí ag freastal ar an tseirbhís maidir le rochtain a fháil ar scagthástáil ceirbheacs nó nár fhreastail siad riamh. Ba iad bacainní amhail aiféaltas, náire, ciontacht nó eagla roimh nochtadh na cúiseanna lena moill.

## Bacainní a laghdú

Bhunaigh an t-aonad tionscadal chun seirbhís bhreise a sholáthar do mhná idir 25-65 bliain d'aois atá ag freastal ar chlinicí leantacha SATU, nach raibh aon stair scagthástála ceirbheacs acu, ar cuireadh moill orthu rochtain a fháil ar a scagthástáil saor in aisce, nó nár fhreastail ar scagthástáil mar gheall ar a stair.

Bhí sé mar aidhm ag an aonad eolas agus rochtain ar scagthástáil ceirbheacs a sholáthar dá n-othair chun an riosca do mhná go dtiocfadh ailse ceirbheacs orthu a laghdú trí bhacainní ar fhreastal a laghdú. Thug sé an deis do mhná go gcuirfí scagthástáil ceirbheacs orthu i dtimpeallacht shábháilte, neamhbhreithiúnach, bunaithe ar thráma; ina gcuirtear chun cinn rialú comhroinnte, obair chomhoibríoch, agus conair chuíchóirithe chuig cúram leantach i gcolpascópacht nuair is gá.

Cuireadh tús leis an tionscnamh in 2017, le tacaíocht ó CervicalCheck, agus ó sheirbhísí gínéiceolaíochta ospidéil Ollscoile Leitir Ceanainn. Is daoine cláraithe chun samplaí a ghlacadh iad na baill foirne cliniciúla uile a oibríonn in SATU le CervicalCheck, agus tá na hinniúlachtaí creidiúnaithe teoiriciúla agus cliniciúla ábhartha curtha i gcrích acu.

Idir 2018 agus 2023, ghlac 72 bean incháilithe páirt i scagthástáil ag SATU Dhún na nGall. Astu sin, atreoraíodh 17 mbean (24%) chuig seirbhísí leantacha colpascópachta. Comhoibríonn na seirbhísí gínéiceolaíocha agus colpascópachta go dlúth le chéile in ospidéal Leitir Ceanainn, agus tá seirbhís scagthástála ceirbheacs SATU á rolladh amach ar fud na tíre.

## Aiseolas ó othair

Faightear aiseolas ó othair maidir leis an tseirbhís trí ardán ar líne gan ainm agus tá tionchar an chúraim sláinte ardcháilíochta bunaithe ar thráma follasach i bhfreagraí na n-othar.

*"Cé go raibh an-imní orm, tháinig mé. Bhí muinín agam as an bhfoireann. Ní raibh tástáil smearaidh agam riamh roimhe seo ach bhí ceann agam anseo. Bhí a fhios agam go dtabharfadh foireann SATU aire dom. Bhí orm dul faoi cholpascópacht agus bhí an-eagla orm. Oibríonn an fhoireann ansin le SATU agus bhí siad an-chineálta cé go raibh mo chosa ar crith mar a bhí siad in SATU. Toisc go raibh a fhios acu go raibh mé in SATU bhí siad thar a bheith foighneach agus níor chuir siad brú orm. Ach gurb é go ndeachaigh mé go SATU sílim go mbeinn marbh."*

**Mná ag freastal ar Aonad Cóireála d'Ionsaithe Gnéis Dhún na nGall.**

**Fíor 5** | Toradh na Scagthástála Ceirbheacs (n=72)



# Cóireáil réamhailseach ceirbheacs agus ailse ceirbheacs

**Sprioc**

**Faoi 2030, cuirfear cóireáil ar 97% de mhná ar a bhfuil galar ceirbheacs faoi cheann 1 bhliain.**

**4** **Cuirfimid feabhas ar chomhtháthú seirbhísí agus cuirfimid tionscnaimh fheabhsaithe seirbhíse chun cinn chun tacú le diagnóis agus bainistiú optamach réamhailse agus ailse.**

## Cén fáth a bhfuil sé sin ina thosaíocht?

Tá cóireáil ina príomhcholún den díbirt Tá Éire ag sárú sprioc 90% EDS maidir le cóireáil faoi láthair, agus mar sin táimid ag leagan síos sprioc dúinn féin chun cóireáil a chur ar 97% de mhná do ghalair ionracha faoi cheann 1 bhliain. Chun ailse ceirbheacs a dhíbirt, ní mór dúinn leanúint le cóireáil chuimsitheach ardchaighdeáin a sholáthar do réamh-ailse agus d'ailse. Is do dhaoine nach bhfuil siomptóim ailse ceirbheacs orthu a dhéantar scagthástáil. Ní mór dúinn a chinntiú freisin go mbeidh rochtain thráthúil ag daoine a bhfuil siomptóim orthu lena bhféadfaí a thabhairt le fios go bhfuil ailse ceirbheacs ar dhiagnóis agus ar chóireáil sa suíomh ceart ag an am ceart ag an duine ceart.

Is féidir le speisialtóir colpascópachta réamhailse agus go leor ailsí luathchéime a aimsítear trí scagthástáil ceirbheacs a chóireáil de réir chaighdeáin an chláir CervicalCheck. Mar sin féin, tá a fhios againn go mbíonn riachtanais eile ag mná a bhaineann lena ndiagnóis ailse, lena n-áirítear riachtanais shíceolaíochta, nach mór a chur san áireamh agus aghaidh a thabhairt orthu.

Nuair a bhainfimid díbirt amach beidh ailse ceirbheacs ina ghalar neamhchoitianta in Éirinn, ach tiocfaidh sí ar roinnt ban fós in ainneoin na seirbhísí atá ar fáil. Ní mór dúinn cúram ardcháilíochta, cuimsitheach, comhtháite a sholáthar do na mná sin.

## Ár gníomhaíochtaí tosaíochta:

1. Na deiseanna chun feabhas a chur ar sheirbhísí agus iad a chomhtháthú ar fud chonair na hailse ceirbheacs idir aimsiú agus cóireáil réamh-ailse agus diagnóis ailse agus mharthanacht agus cúram deireadh saoil a mheas agus a bhreithniú. Breithniú ar chóireáil sa cholpascópacht, sa ghínea-oinceolaíochta agus ag gairmithe ildisciplíneacha eile a chuimsiú.
2. Dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt treoirlíne atreoraithe dochtúirí teaghlaigh d'othair a meastar go bhfuil ailse ghínéiceolaíochta orthu, lena n-áirítear ailse ceirbheacs.
3. Dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt seirbhísí tráthúla othar seachtrach d'othair a meastar go bhfuil ailse ghínéiceolaíochta orthu, agus ar fhorbairt príomhtháscairí feidhmíochta gaolmhara.
4. An riachtanas a mheas maidir le treoirlínte cleachtais chliniciúil a fhorbairt chun ailse ceirbheacs a bhainistiú in Éirinn.
5. Dul chun cinn a dhéanamh ar lárú seirbhísí máinliachta/cóireála ailse gínéiceolaíochta.
6. Rochtain chuí ar sheirbhísí marthanachta agus sícea-oinceolaíochta a chinntiú d'othair a bhfuil ailse ghínéiceolaíochta orthu, lena n-áirítear ailse ceirbheacs.

## Cad a bhainfimid amach faoi 2030?

Leanfaimid le sprioc EDS do mhná ar fud ár bpobal go léir a shárú.

Cuirfimid rochtain thráthúil ar fáil ar sheirbhísí comhtháite cóireála colpascópachta, gínéiceolaíochta agus gínea-oinceolaíochta le haghaidh ailse ceirbheacs a fhreastalaíonn ar riachtanais na mban in Éirinn.

# Cóireáil i ngníomh



**Cuireann bean as Baile Átha Cliath, Kim Hanly, síos ar a turas pearsanta ó dhiagnóis ailse ceirbheacs go tacaíocht othar**

Bhí Kim Hanly 26 bliain d'aois agus ina máthair le beirt pháistí óga nuair a rinneadh an chéad scagthástáil ceirbheacs uirthi in 2012. Ba í sin an bhliain a diagnóisíodh go raibh ailse ceirbheacs uirthi freisin. Taispeánadh i scagthástáil Kim go raibh cealla neamhghnácha ina ceirbheacs. I ndiaidh di atreorú chuig colpascópacht, insíodh don bhean as Baile Átha Cliath go raibh ailse uirthi.

"Tá sé deacair cur síos a dhéanamh ar an dóigh a mothaíonn tú nuair a insítear duit ag an aois sin go bhfuil ailse ceirbheacs ort, go háirithe nuair atá dhá pháiste agat. Tharla gach rud go gasta. Ní raibh am agam cad a bhí ag tarlú a phróiseáil."

Bhí an ailse forbartha go dtí céim nár fhág aon rogha eile ann agam ach dul faoi histireachtóime radacach. Thug an fhoireann gínea-oinceolaíochta in Ospidéal San Séamas i mBaile Átha Cliath aire do Kim.

"I ndiaidh na histireachtóime, cheap mé go rachadh mo shaol ar ais mar a bhíodh. Ní dheachaigh. D'éirigh mé tinn, bhí mé ag cur fola go mór, agus bhí fuilaistriúcháin de dhíth orm. Ní raibh duine ar bith agam le labhairt leis nó léi. Ní raibh aithne agam ar aon duine de m'aois féin a bhí ag déileáil leis sin. Chuaigh mé ar líne agus bhí grúpaí meán sóisialta ann do dhaoine a raibh ailse orthu ach níor bhain sé le hailse ceirbheacs."

Agus Kim ag teacht chuici féin, chinn sí a grúpa tacaíochta féin a bhunú. "Leathanach simplí Facebook a bhí ann – Feasacht ar Ailse Ceirbheacs in Éirinn (Cervical Cancer Awareness Ireland) (CCAI). D'iarr mé ar mo chairde é a roinnt. Ní raibh ann ach beirt againn ar feadh tamaill, mé féin agus bean eile ar bhuail mé léi in Ospidéal San Séamus."

Le himeacht ama ba léir go raibh tacaíocht ag teastáil ó mhná de réir mar a thosaigh níos mó daoine ag teacht isteach sa ghrúpa. Deir Kim "Rinneadh teagmháil liom chun mo scéal a insint go poiblí. Dúirt mná mar gheall gur éist siad le mo scéalsa go ndeachaigh siad chun go ndéanfaí scagthástáil ceirbheacs orthu."

Bronnadh Gradam Laura Brennan ar Kim in 2021 mar aitheantas ar a sáréacht i réimsí na tacaíochta d'othair ghínea-oinceolaíocht agus/nó rannpháirtíochta othar agus rannpháirtíocht an phobail sa taighde.

Tá Kim thar a bheith bródúil as a páirt i bhforbairt an 'chárta soláthair diagnóise' a thugtar do mhná a bhfuil ailse ghínéiceolaíochta orthu. Tá sonraí sa chárta faoin diagnóis, faoin dochtúir agus faoin altra cóireála, agus íomhá den áit a bhfuil an ailse. Míníonn Kim: "D'fhorbair mé é le Cumann Gínea-oinceolaíochta na hÉireann. Tugtar eolas faoin ailse ann ar bhealach éasca. Nuair a dhéantar tú a dhiagnóisiú ar dtús agus nuair a théann tú chuig a lán coinní, ní thugann tú leat an t-eolas ar fad. Bhí íomhá tarraingthe ag an ngínéiceolaí dom inar taispeánadh dom cá raibh an ailse. Tá sé agam go fóill! Shíl mé go rachadh sé chun leasa gach mná a dhiagnóisítear go bhfuil ailse orthu an cárta seo a fháil agus faigheann siad anois é. Ceann de rudaí is mó a chuireann bród orm nó go bhfuil a fhios agam go raibh páirt agam ann sin."

## An saol i ndiaidh na hailse

Tá saol sásúil á chaitheamh ag Kim, lena n-áirítear a páistí a thógáil agus dhá chéim Bhaitsiléara a bhaint amach. Tá sí ag maireachtáil le héifeachtaí na hailse ceirbheacs. "Bhí meanapás máinliachta orm i ndiaidh na histireachtóime radacaí agus tá fadhbanna leanúnacha agam le mo lamhnán a gcaithfear obráid a dhéanamh air gach sé mhí.

"Is galar cruálach é an ailse ceirbheacs. Sciob sé leath na 20í agus na 30í ar fad uaim. Tá mo chuid oibre tacaíochta fíor-thábhachtach dom. Nuair a chloisim bean ag rá gur chuala sí mo scéal agus go ndeachaigh sí faoi scagthástáil, is fiú go mór a bhfuil á dhéanamh agam."

Áirítear le hobair thacaíochta Kim freisin Plean chun Ailse Ceirbheacs a Dhíbirt in Éirinn. Dar le Kim, ciallaíonn díbirt "gan bheith uirthi bualadh le mná gach seachtain a diagnóisíodh go bhfuil ailse ceirbheacs orthu" mar go mbeidh a jab déanta agus go mbeidh sí [ailse ceirbheacs] "ina galar fíor-neamhchoitianta."

# Comhpháirtíochtaí, tacaíocht agus cumarsáid

**5** Comhpháirtíochtaí cómhalartacha a chruthú in Éirinn agus go hidirnáisiúnta chun ailse ceirbheacs a dhíbirt inár dtír agus chun cur leis an ngluaiseacht dhomhanda.

**6** Plean cumarsáide a fhorbairt chun feasacht agus rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú ar fud na conaire iomláine ag baint úsáid as cuir chuige fianaise-bhunaithe faoina gcuirtear bonn eolais leis an eolaíocht iompair agus go cultúrtha chun aghaidh a thabhairt ar éagothroime.

## Cén fáth a bhfuil sé sin ina thosaíocht?

*"Tá ról na sochaí sibhialta, grúpaí ban, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus réimse leathan líonraí áitiúla ríthábhachtach maidir le glacadh rathúil seirbhísí ar leibhéal an phobail"*

**WHO, 2020**

Beidh orainn cur chuige 'uile-sochaí' a chur chun cinn maidir le cosc agus cóireáil ailse ceirbheacs má táimid chun díbirt a bhaint amach. Tacóidh sé sin linn lenár sprioc maidir le cothromas a bhaint amach agus cinnteofar leis go mbainfidh gach earnáil den tsochaí leas as díbirt na hailse ceirbheacs. Beidh orainn cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal agus le daoine aonair chun feasacht a mhúscailt faoi scagthástáil, vacsaíniú agus cóireáil; agus iad a chur ar an eolas agus tacú leo chun na gníomhaíochtaí atá ceart dóibh chun tionchar na hailse ceirbheacs orthu féin agus ar ár sochaí a laghdú. Beidh orainn oideachas agus cumarsáid uilíoch agus spriocdhírithe a bhreithniú. Le gníomhaíochtaí spriocdhírithe, beidh orainn oibriú le pobail chun a gcuid riachtanas a thuiscint agus chun seirbhísí na hÉireann a dhearadh chun freastal ar riachtanais gach duine.

## Ár gníomhaíochtaí tosaíochta:

**1** Oibriú go dlúth le heagraíochtaí tathanta, grúpaí ban, líonraí áitiúla agus comhpháirtithe othar lena chinntiú go mbeidh glacadh cothrom seirbhísí ann ar leibhéal an phobail.

**2** Tionscadail cúnaimh theicniúil a fhorbairt chun tacú leis an iarracht dhomhanda ailse ceirbheacs a dhíbirt.

**3** Leanúint le feachtais chumarsáide phoiblí fianaise-bhunaithe a sholáthar chun eolas agus oideachas a sholáthar maidir le hinfhaighteacht, sábháilteacht agus éifeachtúlacht na vacsaíne HPV chun glacadh vacsaíní a spreagadh.

**4** Deiseanna a lorg chun eolas níos inrochtana a sholáthar agus úsáid a bhaint as réitigh dhigiteacha nuálacha chun cumarsáid a fheabhsú, ag tógáil ar fheachtais iontaofa a bhfuil tionchar acu lena dtreisítear eolas iontaofa a thacaíonn le scagthástáil ceirbheacs agus le vacsaíniú HPV.

**5** Feasacht a mhúscailt ar na siomptóim a bhaineann le hailse ceirbheacs agus a spreagadh go n-iarrfar cuidiú in am agus i dtráth.

## Cad a bhainfimid amach faoi 2030?

Beidh pobail áitiúla, grúpaí tacaíochtaí, othair, an tsochaí shibhialta agus seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte rannpháirteach chun teacht ar na réitigh is gá lena chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár agus muid ag bogadh chuig díbirt na hailse ceirbheacs.

# Comhpháirtíocht i ngníomh

**Tionscnamh: dul i gcomhpháirtíocht le ENR AkiDwA chun eispéireas na mban imirceach a fháil**

**Curtha i bhfeidhm ag: An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála**

**Toradh: Le torthaí na ngrúpaí fócais, cuireadh bonn eolais go díreach faoi fhorbairt an Phlean Gníomhaíochta chun Ailse Ceirbheacs a Dhíbirt**

Chuamar i gcomhpháirtíocht le AkiDwA, gréasán náisiúnta de mhná imirceacha agus príomheagraíocht neamhrialtasach a thacaíonn le mná imirceacha a bhfuil cónaí orthu in Éirinn, chun tuairim na mban imirceach agus dídeanaithe a ghlacadh inár bplean gníomhaíochta. Roinn deich mbean imirceacha óna Ingréasán a n-eispéiris agus a smaointe faoi scagthástáil ceirbheacs in Éirinn.

Bhog na mná go hÉirinn ó thíortha neamh-Eorpacha agus bhí nó tá cónaí orthu in ionaid fáiltithe. Bhain dhá thrian den ghrúpa leas as scagthástáil ceirbheacs anseo agus bhí eispéiris dhearfacha acu.

## Bacainní ar scagthástáil ceirbheacs

Ní raibh eispéireas ar bith ag trian den ghrúpa ar scagthástáil ceirbheacs in Éirinn mar gheall ar eagla roimh phian, agus ar chúiseanna cultúrtha.

*"Roinnim seomra le bean a ndearnadh FGM [ciorrú ball giniúna ban] uirthi. Tugadh cuireadh di dul faoi scagthástáil ach uair amháin a bhí sí ansin, tháinig scaoll uirthi agus ní raibh sí ábalta dul ar aghaidh leis."*

Baineann Ciorrú Ball Giniúna Mná (FGM) le beagnach 6,000 bean in Éirinn. Léirítear le fianaise gur féidir le gnáthamh sláinte a bhaineann le haon chineál treá faighne a dhéanamh a bheith ina chúis eagla do mhná a ndearnadh FGM orthu. Má sholáthraítear eolas cuimsitheach faoi FGM do ghairmithe cúraim sláinte, agus má sholáthraítear oiliúint in inniúlacht chultúrtha, d'fhéadfaí bacainní ar fhreastal a laghdú.

## Glacadh scagthástála ceirbheacs a mhéadú

Dúirt na mná go raibh sé ríthábhachtach go ndéanfaí acmhainní ilteangacha FSS níos inrochtana. Caithfidh an t-eolas a bheith sothuigthe agus go gcuirfear síos ann ar an dóigh a ndéantar scagthástáil in Éirinn. "Is féidir le teanga shimplí le hamharcíomhánna a bheith éifeachtach dóibh siúd a bhfuil litearthacht theoranta acu," a deir an Dr Salome Mbugua, POF an AkiDwA.

Deir siad, dá mbeadh daoine a ghlacann samplaí ó chúlraí imirceach ar fáil do mhná, chuirfeadh sé sin mná ar a suaimhneas mar gheall ar fheasacht chultúrtha na ndaoine a ghlacann samplaí. Tá sé ríthábhachtach úsáid a bhaint as modheolaíochtaí rannpháirtíocha chun cuidiú le mná labhairt faoi ábhair dheacra, agus uas-oiliúint a chur ar dhaoine laistigh de na pobail chun mná a tharraingt isteach agus feasacht ar a gcuid saincheisteanna a chruthú.

"Tá sé tábhachtach go n-aithneofar na bacainní lena gcuirtear bac ar rannpháirtíocht ban imirceach agus dídeanaithe leis na seirbhísí sláinte lena chinntiú go bhfreastalófar ar a gcuid riachtanas," a deir Salome. "Tá cur chuige pobalbhunaithe atá íogair ó thaobh cultúir de ag teastáil uainn chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amhail teanga, inrochtaineacht, creideamh chultúrtha, agus bréagfhaisnéis." Luann sí go gcuideodh sé sin le teachtaireachtaí sláinte a chur in iúl agus aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na mban ar bhealach lena dtugtar meas ar a luachanna agus ar a n-eispéiris.

Dar le Salome, tá obair le déanamh ar sheirbhísí lena dtugtar aghaidh ar eagla na mban i ndáil le pian, torthúlacht agus ailse trí eolas cruinn a sholáthar ar bhealaí atá oiriúnach ó thaobh cultúir de. "B'fhéidir go bhfuil eagla ar mhná áirithe go dtugtar le fios leis an scagthástáil go bhfuil ailse orthu cheana féin, agus mar sin tá sé riachtanach a shoiléiriú gur féidir í a chosc. Tá sé chomh tábhachtach céanna go gcothófaí muinín trí chreideamh cultúrtha faoi thinneas agus faoi shláinte a admháil, agus oibriú le heagraíochtaí pobail chun míthuiscintí a athrú," a deir sí.

# Lucht oibre agus oideachas

**7** **Tacú le lucht oibre ardoilte chun seirbhísí comhtháite a sholáthar a ghlacann nuálaíocht agus athrú atá fianaise-bhunaithe agus a sholáthraíonn seirbhísí inniúlachta idirchultúrtha a fhreastalaíonn ar riachtanais ár ndaonra éagsúil.**

## Cén fáth a bhfuil sé sin ina thosaíocht?

Chun ár bhfís Éire ina mbeidh ailse ceirbheacs neamhchoitianta a bhaint amach i ngach pobal, beidh orainn a dhóthain daoine ardoilte a bheith againn chun seirbhísí a sholáthar. Tá lucht oibre ard-oilte ag Éirinn ar fud chonaire chosc agus chúram na hailse ceirbheacs. Ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh acmhainneacht agus athléimneacht sa chóras chun seirbhísí tráthúla inniúlachta idirchultúrtha a sholáthar agus pleanáil lucht oibre a dhéanamh i gcomhair seirbhísí amach anseo.

Chun ár seirbhísí a dhearadh chun go bhfreastalóidh siad ar riachtanais na ndaoine a úsáideann iad, ní mór dúinn éisteacht le húsáideoirí deiridh, riachtanais agus roghanna, agus a mheas cé is fearr a sholáthróidh na seirbhísí sin. Tá a fhios againn gur minic gurb iad oibrithe piaraí sláinte a oibríonn le pobail na daoine is fearr chun teachtaireachtaí a sholáthar dá bpobail. Ní mór dúinn tacú leis an bhfoireann, go háirithe sna réigiúin áitiúla, agus iad a ullmhú chun oibriú le pobail áitiúla chun rátaí ailse ceirbheacs níos fearr a bhaint amach do chách.

## Ár gníomhaíochtaí tosaíochta:

**1** Measúnú pleanála agus acmhainneachta a dhéanamh ar sheirbhísí atá ríthábhachtach chun ailse ceirbheacs a dhíbirt.

2 Oiliúint inniúlachta idirchultúrtha a chur ar phríomhfhoireann na díbeartha ailse ceirbheacs.

3 Deiseanna a mheas chun feabhas a chur ar eolas, ar thacaíocht agus ar sholáthar seirbhísí sa phobal atá riachtanach chun ailse cheirbheacs a dhíbirt.

4 Tacú le lucht oibre ardoilte ildisciplíneach chun seirbhísí comhtháite a sholáthar a ghlacann nuálaíocht fianaise-bhunaithe agus athrú agus a sholáthraíonn seirbhísí inniúlachta idirchultúrtha a fhreastalaíonn ar riachtanais ár ndaonra éagsúil.

5 Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann chun oiliúint sainchláraitheoirí cnáimhseachais agus gínéiceolaíochta a fheabhsú trí shocrúcháin lasmuigh den oiliúint in aonaid CervicalCheck, cholpascópachta agus ghínéiceolaíochta.

## Cad a bhainfimid amach faoi 2030?

Beidh tuiscint níos fearr againn ar an lucht oibre agus ar riachtanais oiliúna agus beimid ábalta pleanáil a dhéanamh do thodhchaí na seirbhísí vacsaínithe, scagthástála agus cóireála. Beidh daoine a oibríonn le pobail muiníneach agus tacófar leo agus iad ag déanamh a gcuid oibre leis na pobail sin chun an sprioc maidir le díbirt na hailse ceirbheacs a bhaint amach.

# Na bearta cumasúcháin

## Taighde

**8** Clár taighde ilbhliantúil chun ailse cheirbheacs a dhíchur a fhorbairt a bheidh dírithe ar chur chuige cothromais agus rannpháirtíochta, amhail ar chomhdhearadh, chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach nualaíochtaí agus athruithe clár.

### Cén fáth a bhfuil sé sin ina thosaíocht?

Beidh orainn coinneáil suas leis an bhfianaise atá ag teacht chun cinn sna 3 cholún agus leis an bhfianaise a bhaineann leis an tosaíocht uileghabhálach um chothromas maidir le hailse ceirbheacs a dhíbirt. Ciallaíonn sé sin, bheith cothrom le dáta maidir leis an bhfianaise idirnáisiúnta agus leis an bhfianaise náisiúnta. Ní mór dúinn tacú lenár gcomhpháirtithe agus oibriú leo chun an oiread agus is féidir linn a thuiscint faoinár ndaonraí vacsaínithe, scagthástála agus cóireála agus conas is fearr forbairtí nua a sholáthar dóibh. Leis an tosaíocht taighde sin, mar aon leis na tosaíochtaí sonraí, monatóireachta agus meastóireachta agus comhpháirtíochta, tacaíochta agus cumarsáide, soláthrófar cuid den fhianaise a theastaíonn uainn chun é sin a dhéanamh.

Socraíodh na tosaíochtaí taighde trí chomhairliúchán le rannpháirtithe, foireann FSS, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile trí cheardlanna agus trí chomhairliúcháin. Sainaithníodh pacáistí sonracha taighde sna 3 cholún vacsaínithe, scagthástála agus cóireála a dhíríonn ar chomhdhearadh agus ar chur chuige rannpháirtíochta agus ar thuiscint a fháil ar riachtanais eolais, síceolaíochta agus tacaíochta na rannpháirtithe agus na n-othar ailse cheirbheacs. Sainaithníodh go bhfuil sé ina réimse tosaíochta taighde freisin go ndéanfar measúnú ar indéantacht nuálaíochtaí a chur chun feidhme i soláthar clár mar.

### Our priority actions:

1. Togra taighde a fhorbairt ina leagfar amach na príomhréimsí taighde atá le cur chun cinn chun tacú le hailse ceirbheacs a dhíbirt.
2. Dul i gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí acadúla chun an clár comhaontaithe taighde a chur i gcrích.

### Cad a bhainfimid amach faoi 2030?

Beidh plean láidir againn chun treoir a thabhairt do thionscadail taighde maidir le hailse ceirbheacs a dhíbirt agus tá clár oibre faoi bhealach. Cuirfidh an plean sin le pleananna taighde na gcomhpháirtithe aonair agus feabhsófar leis na deiseanna chun oibriú le chéile ar fud na comhpháirtíochta. Oibreoimid le hinstitiúidí acadúla, le comhpháirtithe idirnáisiúnta, le comhpháirtithe tacaíochta agus leis an tsochaí lena chinntiú go mbainimid leas as na buntáistí a bhaineann le hobair ilghníomhaireachta agus go gcuimsímid tuairimí na n-othar i seirbhísí amach anseo.

# Na bearta cumasúcháin

## Sonraí, monatóireacht agus meastóireacht

**9** Feabhas a chur ar chomhtháthú na sonraí cúraim sláinte a theastaíonn le haghaidh ailse ceirbheacs díbirt ar fud an chúrsa saoil chun monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar dhul chun cinn, agus béim ar leith ar chothromas, agus dul chun cinn a fhoilsiú go bliantúil.

**Fíor 6** | Ráta aoischaighdeánaithe (ASR) de mhinicíocht ailse ceirbheacs[9]




### Cén fáth a bhfuil sé sin ina thosaíocht?

Tá sé tábhachtach gur féidir linn ár ndul chun cinn a thomhas i dtreo na spriocanna domhanda agus náisiúnta maidir le díbirt. Leagtar amach i gCreat EDS maidir le Monatóireacht ar Chur chun Feidhme na Straitéise um Dhíbirt Ailse Ceirbheacs[10] na príomhtháscairí chun monatóireacht a dhéanamh ar fud na réimsí díbeartha ailse ceirbheacs go léir. Ní mór monatóireacht a dhéanamh orthu ar fud go leor earnálacha de na seirbhísí sláinte ag baint úsáid as sonraí ó réimse leathan eagraíochtaí.

Beimid ábalta cuid de na sonraí a fháil ónár ngnáthchórais sonraí ach i gcás roinnt táscairí beidh orainn córais nua a fhorbairt chun iad a bhailiú, nó oibriú le comhpháirtithe lasmuigh den earnáil cúraim sláinte nó taighde a dhéanamh chun tuiscint a fháil ar an áit a bhfuilimid. Beidh sé dúshlánach dul chun cinn a rianú sna táscairí cothromais, ach táimid tiomanta d'úsáid a bhaint as díbirt na hailse ceirbheacs mar spreagadh chun feabhas a chur ar bhailiú táscairí cothromais lenár gcomhpháirtithe.

Ní hamháin go bhfeidhmeoidh an úsáid a bhainfear as na sonraí sin i bhformáid deaise mar spreagadh chun foinse sonraí na bpríomhtháscairí a shainaithint ach cuirfidh sé ar ár gcumas freisin na sonraí a roinnt go forleathan le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara. Cuideoidh sonraí linn réimsí gnímh a shainaithint chun muid a choinneáil ar an mbóthar ceart agus muid ag iarraidh ailse ceirbheacs a dhíbirt.

### Ár gníomhaíochtaí tosaíochta:

1. Táscairí a thuairisceofar ar dheais um dhíbirt ailse ceirbheacs a chomhaontú.
2. Oibriú le comhpháirtithe chun léirshamhlú sonraí agus tuairisciú tráthúil ar tháscairí ábhartha a chomhaontú.
3. Naisc fheabhsaithe a fhorbairt le heagraíochtaí comhpháirtíochta agus oibriú chun cáilíocht sonraí a fheabhsú.
4. Forbairt sraithe príomhtháscairí feidhmíochta do sheirbhísí ailse gínéiceolaíocha a chur chun cinn.
5. Oibriú leis an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte chun monatóireacht faireachais ar leitheadúlacht ghéinitíopa HPV a dhéanamh chun leitheadúlacht agus cineálacha HPV sa daonra a mheas agus monatóireacht a dhéanamh ar athruithe i ndiaidh an vacsaínithe.
6. Sonraí a shainiú, a bhailiú agus a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn cothrom i dtreo ailse ceirbheacs a dhíbirt.
7. Creat monatóireachta agus meastóireachta a fhorbairt chun plean gníomhaíochta a chur chun feidhme chun ailse ceirbheacs a dhíbirt.

### Cad a bhainfimid amach faoi 2030?

Beidh córais i bhfeidhm againn chun na sonraí a bhailiú a theastaíonn chun ár ndul chun cinn a rianú. Beimid ábalta sonraí a chur i láthair de réir mar a bheidh siad ar fáil i bhformáid deaise ar bhonn bliantúil.

9 An,X Hall, M, Killen, J, Seargeant, L, Smith, M and Kanfell K (2023) Elimination of Cervical Cancer in Ireland: A Modelled Report. Gan foilsiú. The Daffodil Centre, an Astráil

10 https://www.who.int/publications/m/item/framework-for-monitoring-the-implementation-of-the-who-global-strategy-to-accelerate-the-elimination-of-cervical-cancer-as-a-public-health-problem

# Cur chun feidhme

## Rialachas agus cur chun feidhme

Is iad foireann tionscadail FSS agus an chomhpháirtíocht um Dhíbirt na hAilse Ceirbheacs a stiúrfaidh cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta seo, agus tuairisceoidh siad chuig an bPríomhoifigeach Cliniciúil agus chuig Bord FSS.

Déanfar athbhreithniú ar stiúradh straitéiseach an tionscadail don chéad chéim eile. Leathnóidh an grúpa amach anseo rannpháirtíocht na bpríomhpháirtithe straitéiseacha chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta seo agus tacú leis.

Sannadh príomheagraíochtaí do na gníomhaíochtaí straitéiseacha agus tá ceannairí agus comhpháirtithe réamh-tihonscadail sannta do na bearta cumasúcháin. Déanfar plean mionsonraithe cur chun feidhme a fhorbairt chun cur chun feidhme a threorú. Déanfar na comhpháirtíochtaí um chur chun feidhme a athbhreithniú agus a leathnú sa chéad chéim eile den phleanáil agus den soláthar.

## Monatóireacht agus meastóireacht

Déanfar soláthar an phlean cur chun feidhme a bhainistiú de réir an tionscadail de réir na hamlínte a shocróidh na foirne tionscadail. Déanfaidh an grúpa stiúrtha straitéiseach nua maoirseacht ar bhaint amach na dtionscadal.

Déanfar tuairisciú bliantúil ar a mbeidh bainte amach i gcoinne spriocanna EDS agus na spriocanna náisiúnta d'Éirinn ar Lá Domhanda Gníomhaíochta Domhanda EDS ar Ailse Ceirbheacs an 17 Samhain.

## Na chéad chéimeanna eile

Oibreoidh foireann an tionscadail leis an gcomhpháirtíocht agus le comhpháirtithe ionchasacha agus bunóidh siad an grúpa stiúrtha mar an chéad ghníomhaíocht.

Más mian leat níos mó eolais a fháil nó má tá suim agat bheith páirteach, déan teagmháil le publichealth.support@screeningservice.ie

Coinnigh cothrom le dáta lenár gcuid oibre galar neamhchoitianta a dhéanamh d'ailse ceirbheacs i ngach pobal in Éirinn ar www.hse.ie/cervicalcancerelimination



# Aguisín 1

## Comhthéacs beartais

- **Straitéis Dhomhanda chun dlús a chur le díbirt ailse ceirbheacs mar fhadhb sláinte poiblí (EDS, 2020)**[11]

  Ar an 17 Samhain 2020, sheol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) straitéis uaillmhianach dhomhanda chun ailse ceirbheacs a dhíbirt mar fhadhb sláinte poiblí faoi cheann 100 bliain. Beidh díbirt ailse ceirbheacs mar fhadhb sláinte poiblí bainte amach nuair a diagnóiseofar níos lú ná 4 chás nua d'ailse ceirbheacs in aghaidh an 100,000 ceann gach bliain agus is féidir é sin a choinneáil sna blianta ina dhiaidh sin. Tá spriocanna socraithe ag EDS do thíortha lena mbaint amach faoi 2030 chun díbirt ailse cheirbheacs a luathú.

- **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (Na Náisiúin Aontaithe, 2015)**[12]

  Le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna), soláthraítear fís straitéiseach uaillmhianach 15 bliana le treoirphlean don tsíocháin agus don rathúnas agus do na comhpháirtíochtaí a theastaíonn ó dhaoine agus ón bpláinéid (5 C.) Le fís bhunathraitheacha na NA, iarrtar domhan a bheidh cóir, cothrom, fulangach, oscailte agus cuimsitheach go sóisialta ina ndéantar freastal ar riachtanais na ndaoine is leochailí agus nach bhfágtar aon duine ar lár.

  Tá an iarracht dhomhanda maidir le hailse ceirbheacs a dhíbirt ailínithe le roinnt SDGanna agus leis an bprionsabal uileghabhálach nach bhfágfar aon duine ar lár. Tacaíonn an iarracht le roinnt SDGanna a bhaint amach (Bosca 1).

**Bosca 1: Tagann CCE na SDGanna leis na SDGanna seo a leanas**

- SDG 1: Deireadh le bochtaineacht.
- SDG 3: Sláinte mhaith agus dea-bhail.
- SDG 3.4: Faoin mbliain 2030, laghdófar aon trian den bhásmhaireacht roimh am mar gheall ar ghalair neamhtheagmhálacha trí chosc agus trí chóireáil agus trí mheabhairshláinte agus folláine a chur chun cinn.
- SDG 3.7: Faoi 2030, rochtain uilíoch ar sheirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe a chinntiú, lena n-áirítear pleanáil clainne, eolas agus oideachas, agus comhtháthú na sláinte atáirgthe i straitéisí agus i gcláir náisiúnta.
- SDG 3.8: Clúdach sláinte uilíoch a bhaint amach, lena n-áirítear cosaint ar riosca airgeadais, rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte riachtanacha ar ardchaighdeán agus rochtain ar chógais agus ar vacsaíní riachtanacha sábháilte, éifeachtacha, ardchaighdeáin agus atá inacmhainne do chách.
- SDG 5: Comhionannas inscne SDG 10: Neamhionannais laghdaithe.
- SDG 16: Síocháin, ceartas agus institiúidí láidre.

- **Plean Sáraithe Ailse na hEorpa**[13]

  Is é is aidhm do Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa dul i ngleic le conaire iomlán an ghalair. Tá sé deartha thart ar 4 phríomhréimse gníomhaíochta inar féidir leis an Aontas an luach is mó a chur leis: (1) cosc; (2) aimsiú luath; (3) diagnóis agus cóireáil; agus (4) cáilíocht na beatha d'othair ailse agus do mharthanóirí.

  Tá roinnt spriocanna ann a bhaineann le hailse ceirbheacs a dhíbirt do chlúdach vacsaínithe HPV, an céatadán den daonra a dtabharfar cuireadh dóibh le haghaidh scagthástáil agus rochtain ar chóireáil chuimsitheach.

- **A Better World: Beartas na hÉireann um fhorbairt idirnáisiúnta**[14]

  Leis an mbeartas nua sin um fhorbairt idirnáisiúnta, leagtar amach fís na hÉireann lena láithreacht, lena tionchar agus lena héifeacht ar dhaoine, eagraíochtaí agus tíortha a mhéadú go hincriminteach. Dírítear an beartas ar chomhionannas inscne, ar laghdú riachtanas daonnúil, ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar rialachas a neartú.

11 https://iris.who.int/bitstream/handle/10665/336583/9789240014107-eng.pdf?sequence=1
12 https://sdgs.un.org/goals
13 https://health.ec.europa.eu/document/download/26fc415a-1f28-4f5b-9bfa-54ea8bc32a3a_en
14 https://assets.ireland.ie/documents/A-Better-World-Irelands-Policy-for-International-Development.pdf

- **Sláintecare**[15]

  Is éard is Sláintecare ann ná clár 10 mbliana an rialtais chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann a athrú ó bhonn. Is iad aidhmeanna Sláintecare eispéireas othar agus úsáideoirí seirbhíse a fheabhsú, eispéireas cliniceoirí a fheabhsú, costais a laghdú agus torthaí níos fearr a bhaint amach. Le Straitéis Cur Chun Feidhme agus Pleananna Gníomhaíochta Sláintecare, leagtar amach na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí do na céimeanna atá le teacht den chlár athchóirithe agus foilsítear tuarascálacha ar an dul chun cinn gach bliain.

- **Straitéis náisiúnta ailse 2017-2026**[16]

  Tá 4 phríomhsprioc leis an straitéis náisiúnta ailse: 1) an t-ualach ailse a laghdú; 2) an cúram is fearr a sholáthar; 3) rannpháirtíocht na n-othar agus cáilíocht beatha na ndaoine sin a bhfuil ailse orthu agus a raibh ailse orthu a uasmhéadú; agus 4) athrú a éascú agus a chinntiú.

- **Plean gníomhaíochta um shláinte na mban 2024-2025**[17]

  Is é *Plean gníomhaíochta um shláinte na mban 2024-2025* an chéad chéim eile de thiomantas an rialtais do thorthaí agus eispéiris sláinte a fheabhsú do mhná agus do chailíní in Éirinn. Féachtar leis an bplean gníomhaíochta sin le tógáil ar *Phlean Gníomhaíochta um Shláinte na mBan 2022 -2023*[18] agus teacht chun cinn den phlean sin é agus mar sin ba chóir iad a léamh le chéile. Gnéithe is ea dá dhoiciméad sin den sprioc níos mó agus níos fadtéarmaí maidir le sláinte na mban a chur chun cinn in Éirinn, rud a léirítear i *Clár an Rialtais: Ár dTodhchaí Chomhroinnte*[19]. Ireland’s cervical cancer elimination action plan is noted as a key deliverable in 2024 of the Women’s Health Action Plan.

- **Digitiú don chúram: Creat sláinte digití d’Éirinn 2024-2030**[20]

  Leagtar amach leis an gcreat sin treochlár chun na seirbhísí sláinte in Éirinn a bhunathrú go digiteach agus chun rochtain othar a fheabhsú. Tá sé mar aidhm leis an gcreat seirbhísí sláinte digití réidhe, sábháilte, slána agus nasctha a sholáthar ar mhaithe le sláinte agus folláine fheabhsaithe do chách agus torthaí sláinte níos fearr.

15 https://assets.gov.ie/22607/31c6f981a4b847219d3d6615fc3e4163.pdf
16 https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/9315/6f1592a09583421baa87de3a7e9cb619.pdf#page=null
17 https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/290734/0397244b-af0b-4dda-9b84-0da40897c723.pdf#page=null
18 https://www.gov.ie/en/publication/232af-womens-health-action-plan-2022-2023/
19 https://www.gov.ie/en/publication/7e05d-programme-for-government-our-shared-future/
20 https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/293780/5c6e1632-10ed-4bdc-8a98-51954a8da2d0.pdf#page=null

# Aguisín 2

# Forléargas ar sheirbhísí in Éirinn

## Vacsaíniú HPV

Cuirtear an vacsaín HPV ar fáil do chailíní sa chéad bhliain ar an meánscoil (12-13 bliana d'aois) tríd an Oifig Náisiúnta Imdhíonta mar chuid dá gClár Imdhíonta do Scoileanna ó 2010 i leith. Tá iarrachtaí á ndéanamh ó bhí 2010 ann feachtais leantach a reáchtáil chun líon na gcailíní a vacsaínítear a mhéadú, agus bhí an chéad fheachtas ann do chailíní sa dara bliain (14-15 bliana) in 2010 agus feachtas eile do chailíní idir 16-18 mbliana d'aois idir mí Mheán Fómhair 2011 agus mí na Bealtaine 2014.

Tugadh isteach an vacsaíniú HPV Gardasil 9 i mí Mheán Fómhair 2019 agus rinneadh clár atá neodrach ó thaobh inscne de den chlár, ag cur vacsaíniú ar fáil do bhuachaillí agus do chailíní ina gcéad bhliain ar scoil. Seoladh an clár um vacsaíniú cúitimh is déanaí – Clár Laura Brennan um Vacsaíniú Cúitimh HPV – in 2023 do chailíní agus do mhná idir 18-25 bliain d'aois. Bunaithe ar mholadh ón gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh go dtugann dáileog shingil den vacsaín HPV imdhíonacht iomlán, chuir an clár scoile HPV an treoir sin chun feidhme in 2023.

## Scagthástáil HPV

Seoladh CervicalCheck, an clár náisiúnta scagthástála ceirbheacs, in Éirinn in 2008 i ndiaidh treoirchlár tosaigh. Ó 2008 go dtí 2020 thairg an clár scagthástáil chíteolaíochta. Cuireadh tástálacha smearaidh ceirbheacs saor in aisce ar fáil do mhná idir 25-60 bliain d'aois gach 3 bliana (25-44 bliain d'aois) agus 5 bliana (45-60 bliain d'aois).

Cuireadh scagthástáil phríomhúil HPV chun feidhme i mí an Mhárta 2020 agus síneadh an uasteorainn aoise ó 60 bliain d'aois go 65 bliain d'aois. Cuirtear scagthástáil ar fáil anois gach 3 bliana do mhná idir 25-29 bliain d'aois agus gach 5 bliana do mhná idir 30-65 bliana d'aois.

Bailíonn dochtúirí teaghlaigh agus altraí cleachtais i gcúram príomhúil na samplaí. Má aimsítear HPV ansin, ag brath ar thorthaí cíteolaíochta, d'fhéadfaí mná a atreorú chuig measúnú i gclinic cholpascópachta. Atreoraítear gach othar ina n-aimsítear mínormáltacht a bhféadfadh cóireáil a bheith ag teastáil uathu chuig clinicí colpascópachta in ospidéil phoiblí.

## Cóireáil réamhailseach ceirbheacs agus ailse ceirbheacs

Is é neart na scagthástála ceirbheacs gur féidir le comhpháirt cholpascópachta na conaire athruithe ar chealla (ar a dtugtar 'réamhailse') a bhféadfadh a bheith ina gcúis le hailse a shainaithint. Is féidir iad sin a chóireáil ansin mbeidh siad ina n-ailse. Le measúnú colpascópachta ar mhná a atreoraítear chuig aonad colpascópachta CervicalCheck i ndiaidh scagthástála, is féidir ailsí luathchéime a shainaithint agus a chóireáil, agus go minic is féidir le speisialtóir colpascópachta iad sin a chóireáil agus a leigheas i suíomh eisothar. I gcás fhormhór na mban is féidir a hiarchúram a dhéanamh san aonad colpascópachta.

Déileálfar lena n-ailse do mhná a diagnóisítear go bhfuil ailse orthu lasmuigh den chlár scagthástála agus dóibh siúd a bhfuil ailsí níos casta orthu, cuirfear cóireáil orthu faoi chúram foirne gínea-oinceolaíochta. Dearfaidh siad an plean cóireála bunaithe ar shainriachtanais na mná, agus ar an ailse atá uirthi.

D'fhéadfadh aon chuid de mháinliacht, teiripe radaíochta agus cóireáil chórasach in aghaidh ailse nó iad sin go léir a bheith i gceist le cóireáil ailse ceirbheacs. Braitheann an chóireáil a chuirfear ar fáil ar thosca galair, lena n-áirítear an chéim nuair a dhéanfar an diagnóis, agus tosca othair amhail aois, comhghalrachtaí, an mhian torthúlacht a chaomhnú etc.

Trí rátaí minicíochta ailse ceirbheacs a laghdú, d'fhéadfadh díbirt ailse ceirbheacs laghdú a dhéanamh ar an riachtanas do chóireáil ailse ceirbheacs in Éirinn.

# Aguisín 3

## Comhaltaí an ghrúpa chomhairligh straitéisigh chun ailse ceirbheacs a dhíbirt

| Ainm | Teideal |
|---|---|
| **An Dr Caroline Mason Mohan** | Stiúrthóir Sláinte Poiblí, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála (Cathaoirleach) |
| **Ms Estelle McLaughlin** | Bainisteoir Forbartha agus Straitéise Sláinte Poiblí, a tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála |
| **Sinéad Woods Uasal** | Oifigeach Sinsearach Sláinte Poiblí, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála (Cathaoirleach) |
| **Ms Gráinne Gleeson** | Bainisteoir Cláir, CervicalCheck, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála |
| **An Dr Heather Burns** | Comhairleach i Míochaine Sláinte Poiblí, an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse |
| **An tUasal Kilian McGrane** | Stiúrthóir Clár Náisiúnta, an Clár Náisiúnta Sláinte do Mhná agus do Naíonáin |
| **An Dr Cliona Murphy** | Stiúrthóir Cliniciúil, an Clár Náisiúnta Sláinte do Mhná agus do Naíonáin |
| **An Dr Sarah Fitzgibbon** | Comhairleoir Cúraim Phríomhúil, CervicalCheck, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála |
| **An Dr Lucy Jessop** | Stiúrthóir, an Oifig Náisiúnta Imdhíonta |
| **Ms Lena Smyth** | Tacaíocht Riaracháin Sláinte Poiblí, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála |
| **Fiona Ness Uasal** | Bainisteoir Ginearálta le haghaidh Cumarsáide, Rannpháirtíochta, agus Forbairt Faisnéise, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála |
| **Kim Hanly Uasal** | Ionadaí do Rannpháirtíocht na nOthar agus an Phobail |
| **An tOllamh Patricia Fitzpatrick** | Stiúrthóir Meastóireachta & Eipidéimeolaí Comhairleach, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála |
| **An Dr Aileen Kitching** | Comhairleach i Míochaine Sláinte Poiblí, an Oifig Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta |
| **Emma Harte Uasal** | Oifigeach Beartais, Cumann Ailse na hÉireann |
| **An Dr Joanne Uí Chrualaoich** | Príomhoifigeach, an Roinn Sláinte |
| **Emma Craven Uasal** | Scagthástáil Daonra, an Roinn Sláinte |
| **Colette Brett Uasal** | Ceann na Cáilíochta, Sábháilteachta agus Riosca, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála |
| **Lyn Fenton Uasal** | 221+ Comhalta |
| **An tUasal Stephen Teap** | 221+ Comhalta |
| **Ms Ceara Martyn** | 221+ Bainisteoir |
| **Bernadette Carter Uasal** | Stiúrthóir Cúnta Altranais, Fondúireacht Marie Keating |
| **Bernadette Brennan Uasal** | Ionadaí Othar HPV |
| **An Dr Yvonne O'Meara** | Oinceolaí Síceasóisialta & Síciteiripeoir Sistéamach |
| **An Dr Ciara McCarty** | Ceann cliniciúil ar shláinte na mban, Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann |
| **An tOllamh David Weakliam** | Comhairleach i Míochaine Sláinte Poiblí, FSS |
| **An tOllamh Deirdre Murray** | Stiúrthóir Chlárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann |

# Aguisín 4

## Comhaltaí an ghrúpa seachadta chun ailse ceirbheacs a dhíbirt

| Ainm | Teideal |
|---|---|
| **An Dr Caroline Mason Mohan** | Stiúrthóir Sláinte Poiblí, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála |
| **Ms Estelle McLaughlin** | Bainisteoir Forbartha agus Straitéise Sláinte Poiblí, a tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála (Cathaoirleach) |
| **Sinéad Woods Uasal** | Oifigeach Sinsearach Sláinte Poiblí, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála (Cathaoirleach) |
| **Ms Gráinne Gleeson** | Bainisteoir Cláir, CervicalCheck, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála |
| **An tOllamh Deirdre Murray** | Stiúrthóir Chlárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann |
| **An Dr Heather Burns** | Comhairleach i Míochaine Sláinte Poiblí, an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse |
| **An tUasal Kilian McGrane** | Stiúrthóir Clár Náisiúnta, an Clár Náisiúnta Sláinte do Mhná agus do Naíonáin |
| **An Dr Cliona Murphy** | Stiúrthóir Cliniciúil, an Clár Náisiúnta Sláinte do Mhná agus do Naíonáin |
| **An Dr Eimear Burke** | Comhairleach i Míochaine Sláinte Poiblí, an Oifig Náisiúnta Imdhíonta |
| **An Dr Louise Lyons-Mehl** | Oifigeach Sinsearach Míochaine, an Oifig Náisiúnta Imdhíonta |
| **An Dr Therese Mooney** | Ceann an Aonaid Mheasúnaithe Clár, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála |
| **An tUasal Micheál Rourke** | Anailísí Faisnéise Gnó, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála |
| **An Dr Aline Brennan** | Faisnéis faoi Ailse, Clárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann |
| **An Dr Lucy Jessop** | Stiúrthóir, an Oifig Náisiúnta Imdhíonta |
| **Ms Lena Smyth** | Tacaíocht riaracháin sláinte poiblí, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála |
| **Fiona Ness Uasal** | Bainisteoir Ginearálta le haghaidh Cumarsáide, Rannpháirtíochta, agus Forbairt Faisnéise, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála |
| **Michelle Hayes Uasal** | Bainisteoir Tionscadail, an Oifig Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta |

## Tuilleadh buíochais

Is mar gheall ar thiomantas gach duine atá ainmnithe thuas a bheith ag obair le chéile is féidir linn an plean gníomhaíochta chun ailse ceirbheacs dhíbirt 2025-2030 a fhoilsiú.

Chomh maith leo siúd ar fad a luadh cheana, tá go leor daoine eile a bhfuil buíochas tuillte acu freisin, go háirithe an Dr Laura Heavy, Comhairleach i Míochaine Sláinte Poiblí, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála, as a ceannaireacht i maoirseacht a dhéanamh ar shamhaltú agus ar threoir na díbeartha ailse ceirbheacs ar fud an tionscadail. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin leis an Dr Treasa Kelleher, Speisialtóir i Míochaine Sláinte Poiblí, an Oifig Náisiúnta Imdhíonta, as an am agus an iarracht shuntasach a chuir sí isteach chun comhairle a thabhairt maidir leis na codanna den vacsaíniú HPV sa phlean gníomhaíochta chun ailse ceirbheacs a dhíbirt agus sa chomhairliúchán.

Gabhaimid buíochas freisin leis an Ollamh Karen Canfell agus a foireann in Daffodil Centre san Astráil as a saineolas agus a ngairmiúlacht maidir leis an samhaltú a dhéanamh. Táimid buíoch de gach comhalta de na foghrúpaí cumarsáide as a dtacaíocht agus a dtiomantas gan staonadh le linn fhorbairt an phlean, agus le linn na céime comhairliúcháin.

# Nóta

NSS/PUB/PH-30 Rev 1